# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann,
# Baile Átha Cliath

**Tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais chomhdhlúite**

**An bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2020**

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Clár Ábhar

**Leathanach**


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Uachtaráin | 1-4 |
| An Ráiteas maidir le Rialachas agus Rialacháin Inmheánacha | 5-17 |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí an Údaráis Cheannais | 18 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 19-21 |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach | 22 |
| Ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe i gcúlchistí | 23 |
| Ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar an staid airgeadais | 24 |
| Ráiteas ar na Sreafaí Airgid | 25 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais | 26-63 |

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Tuarascáil an Uachtaráin

### Raon Feidhme na Ráiteas Airgeadais

Comhdhlúthaítear sna ráitis airgeadais torthaí an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, (an "Ollscoil" nó "UCD") agus torthaí na bhfochuideachtaí atá faoi lánúinéireacht aige.

Déantar na ráitis airgeadais de chuid Fhondúireacht UCD agus Aontas Mac Léinn UCD a ullmhú agus a iniúchadh ar leithligh agus ní chuirtear iad ar áireamh sna torthaí comhdhlúite don bhliain toisc nach bhfuil siad faoi rialú ag an Ollscoil.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais, mar atá leagtha amach ar leathanaigh 22 go 63, de réir FRS 102 - "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann"

### Torthaí don Bhliain

Is le fáil ar leathanach 22 de na ráitis airgeadais atá ráiteas comhdhlúite na hOllscoile ar ioncam cuimsitheach agus a glanbharrachas don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2020. Tháinig laghdú 2% ar an ioncam iomlán i rith na bliana, síos ó €591.6m go €579.5m lena n-áirítear maoiniú iarchurtha do phinsin de €62.7m (2019: €73.6m). Tháinig méadú de €7.5m, suas go €239.9m, ar na táillí acadúla. Méadaíodh an maoiniú deontais ón Stát ar an maoiniú sa bhliain roimhe sin, faoi €9.5m, suas go €82.3m. Tháinig laghdú €14.2m ar ioncam eile suas go €98.0m tar éis bliana deacra a bhí ann mar gheall ar ráig phaindéim COVID-19.

D'fhan an caiteachas iomlán sochair seasta ag €572.1m i gcomparáid leis an gcaiteachas in 2019 lena n-áirítear costais seirbhíse pinsin agus úis de €62.7m (2019: €73.6m). Is é an toradh foriomlán atá á thuairisciú ná barrachas €7.8m tar éis cánachais don bhliain, i gcomparáid leis an mbarrachas €19.5m a bhí ann sa bhliain roimhe.

### Tionchar COVID-19 ar Oibríochtaí na hOllscoile

Tá dúshlán tugtha do chumas na hOllscoile foinsí ioncaim neamh-Státchiste a ghiniúint mar gheall ar ráig an víreas COVID-19 a leanadh leis, rud a bhfuil drochthionchar suntasach aige ar chumas na hOllscoile ioncam a thabhairt isteach ó aonaid chónaithe mac léinn agus óna hoibríochtaí tráchtála ar an gcampas. Go luath sa phaindéim, d'aistrigh an Ollscoil chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh ar líne. Cé go bhfuil éiginnteachtaí suntasacha ag baint leis an ráig COVID-19, is féidir leis an Ollscoil a cuid oibríochtaí a choinneáil ar siúl sa timpeallacht luaineach atá ann faoi láthair go ceann i bhfad. Tá sonraí breise ar thionchar phaindéim COVID-19 ar oibríochtaí na hOllscoile leagtha amach i nóta 1(c) a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### Bainistíocht Cisteáin

Mhéadaigh iarmhéid bainc agus airgid an ghrúpa Ollscoile i rith na bliana ó €89.5m go €107.1m go príomha mar gheall ar tharraingt anuas €90 milliún i gcistí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe faoi chomhaontú saoráide iasachta a tugadh chun críche go rathúil i ndáil le hiasacht téarma 25 bliana arbh iasacht €123 milliún a bhí ann. De réir bheartas bainistíochta cisteáin na hOllscoile, is é cuspóir infheistíochta na hOllscoile an toradh is fearr is féidir a bhaint amach, agus an riosca á íoslaghdú ag an am céanna. Tháinig méadú ar iasachtaí le linn na bliana, suas ó €58.7m go €143.1m.

### Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag UCD, lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Ar chuid de na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí atá ann, áirítear:

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Tuarascáil an Uachtaráin *(ar lean)*

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí** *(ar lean)*

- An riosca go mbeidh tionchar ag leibhéil neamhleor maoinithe an Rialtais ar airgeadas meántéarmach agus fadtéarmach na hOllscoile agus ar sheachadadh straitéis na hOllscoile;
- An riosca go dteipfeadh ar an Ollscoil punann chothrom clár den scoth a sholáthar lena mealltar na mic léinn is fearr;
- An riosca nach bhfuil an Ollscoil in ann bonneagar agus trealamh taighde ardchaighdeáin a sholáthar agus a chothabháil, nó nach bhfuil sí in ann maoiniú agus saineolas taighde a fhás;
- An riosca go bhforbrófaí an campas ar bhealach neamhchothrom neamhstruchtúrtha nó nach gcríochnófaí an fhorbairt sin de bharr fadhbanna maoinithe.
- An riosca go bhféadfadh teip sa bhonneagar teicneolaíochta cur isteach go mór ar oibríochtaí na hOllscoile;
- An riosca go mbeidh tionchar diúltach ag luaineacht sa timpeallacht dhomhanda ar an earcú mac léinn idirnáisiúnta, ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, agus ar shoghluaisteacht foirne agus mac léinn; agus
- An riosca go leanfar den phaindéim COVID-19 a bheith aige ar chumas na hOllscoile ioncam neamh-Státchiste a ghiniúint.

Tá na rioscaí seo á mbainistiú go gníomhach agus tá Foireann Bainistíochta na hOllscoile ag tabhairt aghaidh orthu, agus í ag teacht le chéile ar bhonn rialta le linn thréimhse phaindéim COVID-19.

**An Plean Straitéiseach**

Tar éis an phróisis chomhoibríoch fhairsing ar tugadh faoi chun Straitéis UCD do 2020-2024 a cheapadh, sheol UCD *Rising to the Future* i mí na Nollag 2019. Tá an poitéinseal ag an straitéis fadréimseach, smaoinitheach seo eispéireas gach ball dár bpobal a athrú ó bhonn. Spreagtar ar aghaidh sinn, lenár bhfís straitéiseach do UCD, i dtreo todhchaí iar-phaindéimeach, atá á threorú ag na ceithre théama de Rising to the Future: Sochaí Inbhuanaithe Dhomhanda a Chruthú; An Claochlú leis an Teicneolaíocht Dhigiteach; Domhan Sláintiúil a Thógáil; agus an Duine Daonna a Chumhachtú. Beidh grúpa stiúrtha ann do gach téama, ionadaíoch ar gach earnáil de phobal na hOllscoile: an dámh, an fhoireann, mic léinn agus b'fhéidir iar-mhic léinn freisin.

**UCD Domhanda**

Ar cheann do na buaicphointí rannpháirtíochta domhanda sa bhliain seo, tá bunú dhá chomhcholáiste idirnáisiúnta nua UCD sa tSín - Coláiste Idirnáisiúnta Iompair Chang'an-Baile Átha Cliath (CDIC) agus Coláiste Idirnáisiúnta Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou-Baile Átha Cliath (GDIC) Theas.

Tá breis is 1,500 mac léinn cláraithe ag na trí choláiste idirnáisiúnta de chuid UCD atá sa tSín, lena n-áirítear Coláiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath (BDIC), CDIC agus GDIC chomh maith le 2,200 mac léinn eile i gcláir thrasnáisiúnta eile.

Tháinig méadú breise ar líon na mac léinn idirnáisiúnta, suas go 8,574, ar ionann é agus beagnach 29% den líon mac léinn ar fad ar champais UCD i mBaile Átha Cliath, lena gcuirtear le héagsúlacht ár bpobal, agus mic léinn againn ó 145 tír éagsúla.

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Lánpháirtíocht**

I mbliana, d'oibríomar i gcomhar leis na hinstitiúidí ardoideachais eile agus leis an ÚAO chun na bealaí ina mbíonn tionchar díréireach ag an bpaindéim ar fhostaithe agus ar mhic léinn a bhfuil neamhionannais acu cheana féin a aithint.

Áiríodh leis an obair seo aitheantas a thabhairt do na tionchair a bhíonn ag scoileanna agus saoráidí cúram leanaí a dhúnadh orthu siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu chomh maith leis na tacaíochtaí is gá a chur i bhfeidhm.

Ba thosaíocht ar leith é tacú le meabhairshláinte agus le folláine agus forbraíodh leathanach gréasáin nua ar ar cuireadh ar fáil acmhainní agus faisnéis chun tacú le fostaithe. Ina theannta sin, seoladh an scéim Tacaíochta Piar-Charchabhrach Meabhair-Shláinte i mí Aibreáin ar grúpa tacaíochta piaraí faoi rún é d'fhostaithe.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Tuarascáil an Uachtaráin *(ar lean)*

### Oideachas

An bhliain seo, arís, leanamar de bheith mar an ollscoil chéad rogha do mhic léinn fochéime intíre, le méadú 7% ar an líne céad rogha agus méadú 11% ar earcú céimithe múinte intíre.

In 2020, don tríú bliain as a chéile, bhí UCD sa chéad áit in Éirinn agus sa 1% is airde d'ollscoileanna ar fud an domhain sna Ranguithe Infhostaitheachta Céimithe QS. Agus an rangú seo á bronnadh, luaigh QS gur sin de bhua an obair atá déanta chun socrúcháin oibre agus comhpháirtíochtaí taighde a chruthú le fostóirí.

Tháinig rialacháin acadúla nua i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair, rud a chuireann go mór lenár gcláir. Leis na rialacháin, spreagfar níos mó solúbthachta i gcláir, agus maidir le hintéirneachtaí agus malaruithe idirnáisiúnta laistigh de chláir, chomh maith le measúnú agus soláthar aiseolais do mhic léinn.

### Caiteachas Caipitiúil

Thabhaigh an Ollscoil agus a fochuideachtaí caiteachas €61.6m ar thalamh agus foirgnimh agus thabhaigh siad €11.8m eile ar threalamh agus feistis, agus fágadh dá bharr gur ionann an caiteachas caipitil iomlán agus €73.4m sa bhliain 2019/20. Bhí an caiteachas caipitiúil seo maoinithe den chuid is mó ag tarraingt anuas ó shaoráidí iasachta reatha agus €5.4m i ndeontais chaipitil a fuarthas ó fhoinsí Stáit agus neamhstáit.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain acadúil 2019/20 chun an fhís d'eastát na hOllscoile atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach Forbartha an Champais (SCDP) UCD 2016-2021-2026 a bhaint amach:

(1) Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2020 maidir le pleanáil mhionsonraithe do sheachadadh Chéim 1 de Mháistirphlean Campais na Todhchaí agus thug an tÚdarás Ceannais faomhadh don Ollscoil ag a chruinniú i mí na Nollag 2020 dul ar aghaidh le heisiúint na tairisceana chun an príomhchonraitheoir a cheapadh. Tionscadal bunathraithe a bheidh anseo do Champas Belfield agus cuimsíonn sé seachadadh dhá fhoirgneamh nua, an tIonad Cruthaitheachta agus an Lárionad um Fhoghlaim sa Todhchaí, chomh maith le tírdhreachú suntasach, bonneagar comaitéireachta agus feabhsuithe ar an bhfearann poiblí;

(2) Cuireadh tús le hobair ar chúrsa reatha sainchuspóra nua Chumann Idirnáisiúnta na gCónaidhm Lúthchleasaíochta UCD (IAAF) i mí na Nollag 2019. Ó mhí na Nollag 2020, bhí drochthionchar ag dúnadh an láithreáin mar gheall ar phaindéim COVID-19 ar chlár an tionscadail. Mar sin féin, tá dul chun cinn suntasach déanta le linn an tsamhraidh. Ag brath ar an aimsir agus ar sheachadadh na n-ábhar, tá sé mar sprioc ag an gconraitheoir an tionscadal a thabhairt chun críche faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair;

(3) Ar na forbairtí a bheidh ann amach anseo, tá halla spóirt ilfheidhmeach nua chomh maith le hIonad do Mhic Léinn sínte chun Halla Astra feabhsaithe agus spás léirithe breise a chur ar fáil. Táthar ag leanúint ar aghaidh le foireann deartha chomhtháite ailtireachta a sholáthar chun príomhghné an mháistirphlean a chur i bhfeidhm agus táthar ag súil leis an gceapachán i mí Dheireadh Fómhair 2021;

(4) Soláthrófar 924 leaba breise le Céim 1 den Mháistirphlean Cónaithe. Tá Bloc D ar fad agus an chuid is mó de Bhloc E críochnaithe. Táthar ag súil go mbeidh na 130 spás leapa eile críochnaithe faoi dheireadh Mheán Fómhair 2021. Mar chuid de Chéim 1, táthar ag súil go mbeidh feistiú agus coimisiúnú an spáis taitneamhachta sa Sráidbhaile críochnaithe faoi thús an dara ráithe (Eanáir 2020) lena soláthrófar saoráidí tacaíochta breise a theastaíonn ón bpobal cónaithe seo atá ag fás;

(5) Leanadh ar aghaidh leis an ullmhúcháin do thús Chéim 2 den Mháistirphlean Cónaithe, lena soláthrófar 1,254 leaba breise a thógfar thar charrchlós aon-leibhéal faoin talamh (a sholáthróidh páirceáil athsholáthair do thart ar 600 spás carr) le linn na bliana acadúla 2019/20. Críochnaíodh dearaí mionsonraithe i rith na bliana agus cheadaigh an tÚdarás Ceannais ag a chruinniú ar tionóladh an 10 Nollaig 2020 bronnadh an phríomhchonartha;

### Caiteachas Caipitiúil *(ar lean)*

(6) Críochnaíodh an t-athchóiriú ar an teach stairiúil Teach an Aird Mhóir i bhFómhar 2020. Leis an tionscadal seo, leanadh le tiomantas UCD na tithe sean-ársa a athchóiriú agus iad a ionchorprú sa champas nua-aimseartha. De bharr an tionscadal athchóirithe ar scála 1,074m2, tá Teach Ard Mhóir

anois ag cloí le caighdeáin nua-aimseartha um shábháilteacht ó dhóiteán agus rochtana do dhaoine faoi mhíchumas, ag soláthar bealach isteach agus ardaitheoir nua a nascann gach urlár den struchtúr cosanta, ag athchóiriú leagan amach bunaidh an fhoirgnimh, ag athnuachan na seirbhísí foirgnimh ar fud agus ag soláthar na hOllscoile. le spás oifige agus cruinnithe a bhfuil géarghá leis;

(7) I rith na bliana, cuireadh tús le hobair dheartha tosaigh do Chéim 3 na hEolaíochta, agus é mar chuspóir aige an t-athchóiriú ar Ionad Eolaíochta Uí Bhriain, UCD a thabhairt chun críche agus éascú a dhéanamh ar fhás leanúnach i dteagasc agus i dtaighde na heolaíochta. Is éard a bheidh i gceist le Céim 3 na hEolaíochta ná athchóiriú ar Eolaíocht Thuaidh agus ar Eolaíocht Thiar. Táthar tar éis gnólacht ailtirí agus an fhoireann deartha a cheapadh agus cuireadh iarratas pleanála faoi bhráid an Údaráis Áitiúil i mí Iúil 2021. Ba é an dáta deiridh chun tuairimí a chur isteach ná mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair a bheidh an an cinneadh ba luaithe maidir le toradh pleanála agus

(8) Le bliain anuas, leanadh d'athchóiriú a dhéanamh ar Fhoirgneamh Newman, ceann de na foirgnimh ón mbunmháistirphlean campais a forbraíodh go luath sna 1970idí. Tá feabhas mór tagtha ar an timpeallacht oibre agus teagaisc mar thoradh ar an tionscadal, agus cuirfear síneadh le saol an fhoirgnimh seo a bhfuil an-gean ag daoine air as struchtúr an fhoirgnimh a athúsáid ar bhealach inbhuanaithe.

**Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar**

Fuair taighdeoirí UCD breis is €122 milliún i ndeontais sheachtracha taighde in 2019/20. Ar bhuaicphointe ar leith de 2019/20 maidir leis an maoiniú taighde, áirítear an cistiú ón AE, a bhí níos mó ná dhá oiread an fhigiúir a fuarthas an bhliain roimhe sin, le roinnt dámhachtainí ón gComhairle Eorpach um Thaighde agus mórthionscadail chomhoibríocha in ábhair thábhachtacha amhail an iontaoibh sa saineolas, an murtall agus diaibéiteas. Seo tráth tábhachtach do mhaoiniú taighde an AE, agus an chéad chláir mhaoinithe eile de chuid Horizon Europe ag teacht amach agus na hathruithe atá ann tar éis Brexit, agus tá sé tábhachtach do UCD seasamh láidir a bhunú.

**Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha**

Is príomhchuspóir dár Straitéis Rising to the Future é Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Móra a Thógáil agus is cuid lárnach é dár bhfís d'fhás agus d'fhorbairt. Le bliain Tuilleadh, rinneamar dul chun cinn suntasach breise ar chomhpháirtíochtaí a thógáil le heagraíochtaí atá lonnaithe anseo in Éirinn agus i dtíortha eile i réimsí dála na forbartha tallainne, na taighde agus nuálaíochta agus na freagrachta corparáidí sóisialta. Tá sé ríthábhachtach comhpháirtíochtaí a thógáil le tionscal agus eagraíochtaí eile ar bhealach struchtúrtha chun cur ar chumas UCD ár n-ábharthacht agus ár dtionchar ar an tsochaí a uasmhéadú, agus ag an am céanna a chur le heispéireas ár mac léinn agus rannpháirtíocht ar dtaighdeoirí.

**Tabhartas Daonchairdis**

In am an ghátair, bímid ag brath níos mó ná riamh ar fhlaithiúlacht agus ar thiomantas ár n-alumni, ár gcairde agus ár gcomhpháirtithe. Tá tacaíocht dhaonchairdiúil ríthábhachtach do rath UCD mar ollscoil domhanda ar thús cadhnaíochta. Spreagann sé ár n-uaillmhian agus muid ag leanúint ar aghaidh ag cur ár gcuspóirí straitéiseacha chun cinn agus ag múnlú todhchaí ár sochaí trí oideachas agus taighde den scoth.

**Imeachtaí i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe**

I mí Dheireadh Fómhair 2020, shínigh an Ollscoil saoráid maoinithe iasachta €350 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus go dtí seo níor tarraingíodh anuas aon chuid den tsaoráid iasachta seo.

*Thar ceann an Údaráis Cheannais,*

____________________
Andrew Deeks　　　　　　　　　　　　　　　　　Dáta:
Uachtarán

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## An Ráiteas maidir le Rialachas agus Rialacháin Inmheánacha
*don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020*

**(1) Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**
Tá freagracht fhoriomlán ar an Údarás Ceannais as córas rialaithe inmheánaigh na hOllscoile. Cumhdaíonn an córas rialaithe inmheánaigh gach rialú ábhartha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibriúcháin agus rialuithe comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le haidhmeanna agus le cuspóirí na hOllscoile a bhaint amach agus a chosnaíonn an pobal mar aon le cistí agus sócmhainní eile as a bhfuil an Ollscoil freagrach.

**(2) Dearbhú Réasúnta in aghaidh Earráid Ábhartha**
Tá an córas rialaithe inmheánaigh sainceaptha le bainistiú a dhéanamh ar an riosca nach mbainfear aidhmeanna agus cuspóirí amach agus nach gcuirfear gnóthaí Ollscoile i gcrích ar bhealach slachtmhar agus dlisteanach, seachas an riosca sin a dhíchur. Ar an mbealach sin, ní féidir le córas den sórt sin ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráiteas nó caillteanas ábhartha.

**(3) Ráiteas maidir leis an Rialú Inmheánach**
Rinneadh athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh ag Cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca agus an Údaráis Cheannais i mí an Mhárta 2021 lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Foilsítear an Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh in éineacht le ráitis airgeadais chomhdhlúite na hOllscoile a d'fhaomh an tÚdarás Ceannais i mí an Mhárta 2021. Rinne na hiniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh seo chun a chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis ar eol dóibh ón obair iniúchta atá déanta acu ar na ráitis airgeadais.

**(4) An Rialachas agus an Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh**
Is é an tÚdarás Ceannais príomhchomhlacht rialachais agus cinnteoireachta na hOllscoile de réir Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá an tÚdarás Ceannais faoi chathaoirleacht ag Cathaoirleach neamhspleách ama cheapadh de réir alt 17(3) d'Acht na nOllscoileanna, 1997. Tháinig Séú Údarás Ceannais UCD i seilbh oifige an 1 Feabhra 2019, agus Údarás atá cothromaithe ó thaobh inscne de atá ann. Ceapadh an chéad Chathaoirleach baineann ar an Ollscoil an 21 Feabhra 2019. Tugadh comhdhéanamh an Séú Údarás Ceannais chun críche nuair a ceapadh Ainmnithigh an Aire i Meán Fómhair 2020.

Tá sceidil ábhair socruithe ag an Údarás Ceannais agus na hábhair sin a tharmligtear a chinneadh ag an Údarás Ceannais. I measc na n-ábhar forchoimeádta atá le cinneadh ag an Údarás Ceannais tá cúrsaí airgeadais áirithe lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla agus buiséid a cheadú; fochuideachtaí agus comhfhiontair a bhunú; caiteachas caipitil de bhreis ar na tairseacha tarmligthe; diúscairt sócmhainní lena n-áirítear talamh; rochtain ar mhaoin nó ar bhonneagar le haghaidh socruithe tráchtála a dheonú; reachtanna, polasaithe agus rialacháin a cheapadh; ceapacháin shinsearacha a cheadú; an plean straitéiseach a fhormheas agus a fhaireachán; coistí a bhunú; nithe áirithe a bhaineann le foireann agus mic léinn na hOllscoile; nósanna imeachta um dearbhú cáilíochta a cheadú; agus tuarascáil bhliantúil maidir le cúrsaí comhionannais a fháil. Tarmligtear údarás i leith nithe áirithe a bhaineann le hairgeadas, caiteachas caipitil, cinntí acadúla, baill foirne, mic léinn, ceapacháin ar choistí agus an Ghaeilge chuig coistí, chuig an gComhairle Acadúil nó chuig oifigigh na hOllscoile. Nuashonraíodh na sceidil iomlána an 10 Meán Fómhair 2020 agus tá siad foilsithe ar shuíomh gréasáin na hOllscoile ag www.ucd.ie/governance/t4media/ga_schedules_reserved_decision.pdf.

Tá dhá bhuanchoiste de chuid an Údaráis Cheannais atá bunaithe go buan: An Coiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní agus an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca. Is iad baill sheachtracha den Údarás Ceannais nach fostaithe iad agus nach baill de chuallacht na mac léinn iad a dhéanann cathaoirleacht ar an dá bhuanchoiste.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## An Ráiteas maidir le Rialachas agus Rialacháin Inmheánacha *(ar lean)*
*don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020*

**(4) An Rialachas agus an Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh** *(ar lean)*
Tá an Coiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais na hOllscoile agus as comhairle a chur ar an Údarás Ceannais maidir le hábhair a bhaineann le bainistíocht airgeadais na hOllscoile. Tá an coiste comhdhéanta de roinnt comhaltaí den Údarás Ceannais agus an Sparánaí.

Tá an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca freagrach as comhairle a chur ar an Údarás Ceannais maidir le hábhair a bhaineann le hiniúchadh agus leis an mbainistíocht riosca san Ollscoil. Cuimsíonn comhaltas an choiste roinnt comhaltaí den Údarás Ceannais agus comhaltaí seachtracha breise.

Faoi réir na sriantachtaí airgeadais a chinnfidh an tÚdarás Ceannais agus faoi réir athbhreithniú ag an údarás sin, agus faoi réir phrionsabail thraidisiúnta na saoirse acadúla, tá an Chomhairle Acadúil freagrach as gnóthaí acadúla na hOllscoile a rialú, lena n-áirítear curaclam na hOllscoile agus an teagasc agus an t-oideachas a sholáthróidh sí.

Is é an tUachtarán Príomhoifigeach na hOllscoile agus is é an tÚdarás Ceannais a cheapann é. Tá an tUachtarán freagrach as gníomhaíochtaí acadúla, gníomhaíochtaí riaracháin, gníomhaíochtaí airgeadais, gníomhaíochtaí pearsanra agus gníomhaíochtaí eile na hOllscoile a bhainistiú agus a stiúradh.

Is iad an tUachtarán, oifigigh eile agus bainisteoirí sinsearacha san Ollscoil atá ar Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile (FBO). Tacaíonn roinnt fhoghrúpaí FBO le hobair Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile (an Grúpa um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar; an Grúpa um Oideachas, an Grúpa um Eispéireas na Mac Léinn; an Grúpa um Rannpháirtíocht Dhomhanda; an Grúpa um Thionscadail Chaipitil; an Grúpa um Chumarsáid agus Brandáil; an Grúpa um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Lánpháirtíocht; an Grúpa um Straitéis TF; an Grúpa um Straitéis Leabharlanna; agus an Grúpa um GDPR agus Sonraí).

Laistigh de struchtúr déabhlóidithe bainistíochta, tá na hOifigigh Sinsearacha, na Príomhoidí Coláiste agus na Cinn Scoileanna/Aonad freagrach as a chinntiú go mbíonn rialuithe inmheánacha á bhfeidhmiú go héifeachtach dá réimsí freagrachta faoi seach.

Áirítear na gnéithe seo a leanas sa timpeallacht rialaithe inmheánaigh:

Tá beartais fhoirmiúla, nósanna imeachta foirmiúla, rialacháin fhoirmiúla agus treoirlínte foirmiúla i bhfeidhm do gach ceann de na príomhghníomhaíochtaí agus de na mórchórais laistigh den Ollscoil;

- Roinnt dualgas i bpróisis airgeadais, oibriúcháin agus chomhlíonta;
- Údaráis tharmligthe chun caiteachas a fhormheas; - Próisis phleanála agus bhuiséadaithe lena n-áirítear faomhadh an bhuiséid bhliantúil arna dhéanamh ag an Údarás Ceannais;
- Monatóireacht agus tuairisciú rialta in aghaidh an bhuiséid le linn na bliana airgeadais;
- Próisis tuairiscithe airgeadais lena n-áirítear ráitis airgeadais iniúchta a ullmhú do gach eintiteas dlíthiúil atá faoi rialú na hOllscoile;
- Creat bainistíochta riosca a nuashonraíodh i rith na bliana;
- Foireann ghairmiúil fostaithe i sainréimsí;
- Athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha arna dhéanamh ag an Iniúchadh Inmheánach, a dhéantar a dtuarascálacha a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus don Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca, agus moltaí iontu le haghaidh feabhsúcháin ar an gcóras rialaithe inmheánaigh nuair is gá.

**(5) Próisis a úsáidtear chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a dtionchair airgeadais**
Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Ollscoil, lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá Clár Riosca Ollscoile ardleibhéil i bhfeidhm a ndéanann Foireann Bainistíochta na hOllscoile athbhreithniú agus nuashonrú air. Tá cláir riosca i bhfeidhm do gach Coláiste agus do na príomhaonaid tacaíochta san Ollscoil freisin. Cuirtear cláir riosca nuashonraithe faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca ag gach cruinniú coiste. I gcás rioscaí a bhaineann le tionscadail agus le mórthionscnaimh, breithnítear iad mar chuid de na próisis phleanála agus chur chun feidhme a bhaineann leis na tionscadail agus leis na mórthionscnaimh faoi seach.

Rinneadh athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Riosca leis an gCoiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca i rith na bliana agus d'fhaomh an tÚdarás Ceannais Creat Bainistíochta Riosca athbhreithnithe an 12 Nollaig 2019.

**(6) Mionsonraí faoi na mórchórais faisnéise atá i bhfeidhm, amhail buiséid, agus modhanna chun torthaí iarbhír a chur i gcomparáid le buiséid le linn na bliana**
Tá córas i bhfeidhm ag an Ollscoil chun buiséid bhliantúla a aontú mar chuid de phróiseas buiséid bhliantúil. Is iad an Coiste Airgeadais, Luacha Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní agus an tÚdarás Ceannais a cheadaíonn na buiséid. Bíonn faisnéis tráthúil bhainistíochta ar fáil le linn na bliana agus eisítear tuairiscí míosúla do shealbhóirí buiséid. Déanann an Coiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní athbhreithniú ar chuntais ráithiúla bhainistíochta / torthaí ráithiúla bainistíochta agus ar mheastacháin nuashonraithe.

**(7) Nósanna imeachta dea-chleachtais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair airgeadais atá ag mór-rioscaí gnó**
Feidhmíonn an Ollscoil córas údarás tarmligthe chun caiteachas sealbhóirí buiséid a cheadú laistigh de bhuiséid chomhaontaithe. Táirgeadh beartais agus nósanna imeachta airgeadais mionsonraithe agus déantar iad a nuashonrú de réir mar is gá. Tá seisiúin oiliúna airgeadais ar fáil do Chinn Scoileanna/Aonaid agus do shealbhóirí buiséid eile. Cuireann an Oifig Airgeadais agus líonra Bainisteoirí Airgeadais ar fud na gColáistí agus na nAonad Tacaíochta tacaíocht leanúnach ar fáil d'ardbhainisteoirí agus do shealbhóirí buiséid.

**(8) Nósanna Imeachta maidir le Faireachán a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Is trí na próisis seo a leanas a dhéantar faireachán agus athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh:

(i) Athbhreithniú leanúnach ag Foireann Bhainistíochta na hOllscoile agus ráitis dearbhaithe bliantúil do sholáthar ag bainisteoirí sinsearacha;

(ii) Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin don Údarás Ceannais;

(iii) Tuarascálacha an Uachtaráin, a chuirtear i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis Cheannais;

(iv) Tuarascálacha ó chruinnithe de chuid an Choiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní a bhaineann le hábhair phearsanra, airgeadais agus chaipitil, agus a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Údaráis Cheannais;

(v) Tuarascálacha ó chruinnithe de chuid na Comhairle Acadúla, a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Údaráis Cheannais;

(vi) Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Údaráis Cheannais agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca ina dtugtar achoimre ar obair an choiste sna réimsí a bhaineann le bainistíocht riosca, rialachas, iniúchadh inmheánach agus iniúchadh seachtrach i rith na bliana;

(vii) Tuarascálacha agus obair eile a rinne an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh i rith na bliana;

**(8) Nósanna Imeachta maidir le Faireachán a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh** *(ar lean)*

(viii) Litreacha agus tuarascálacha bainistíochta ó iniúchóirí seachtracha na hOllscoile agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a ndéanann an Coiste Iniúchhta agus Bainistíochta Riosca athbhreithniú orthu;

(x) Tuarascálacha Dearbhú Cáilíochta; agus

(x) Na torthaí ar athbhreithnithe tréimhsiúla eile a chur in iúl.

**(9) Dearbhú go ndearnadh an tAthbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Deimhníonn UCD go raibh na próisis faireacháin agus athbhreithnithe thuasluaite (i gCuid (8)) i bhfeidhm i rith na bliana airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020. D'ullmhaigh an Iniúchadh Inmheánach tuarascáil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca an 16 Márta 2021 mar chuid dá athbhreithniú ar an Ráiteas Bliantúil Rialachais agus ar an Ráiteas Rialachais agus Rialaithe Inmheánaigh. Chuir an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca torthaí an phróisis sin in iúl do chruinniú an Údaráis Cheannais an 25 Márta 2021.

Mar gheall ar na bearta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm ó Mhárta 2020 ar aghaidh mar fhreagra ar phaindéim COVID-19, tá UCD tar éis leanúint ar aghaidh ag oibriú agus an chuid is mó den fhoireann ag obair go cianda ón mbaile agus gan ach pearsanra riachtanach i láthair ar an gcampas. Mar gheall air seo, bhí gá le roinnt athruithe ar na nósanna imeachta oibriúcháin cé go raibh an chuid is mó de na próisis ar líne gan bhriseadh mar is féidir teacht ar an gcuid is mó de na córais ghnó leictreonacha go cianda. Tá comhairle nuashonraithe curtha ar fáil don fhoireann ag na haonaid ábhartha laistigh den Ollscoil (Airgeadas, Acmhainní Daonna, Seirbhísí TF, Árachas Sábháilteachta, Riosca Oibriúcháin & Comhlíonta, Oifig Cosanta Sonraí). D'aontaigh an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca go ndéanfadh Iniúchadh Inmheánach iniúchadh ar Fhreagra agus ar Rialachas na hOllscoile i ndáil le COVID-19 agus go gcríochnófar an t-iniúchadh seo mar chuid de chlár oibre an Iniúchta Inmheánaigh 2020/21.

**(10) Laigí sa Rialú Inmheánach**
(i) *Comhlíonadh Soláthair*
Is ionann an leibhéal caiteachais a mheas an Oifig Airgeadais mar chaiteachas neamhchomhlíontach le riachtanais soláthair na hearnála poiblí don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020 agus €4,602,357. Cuirtear sonraí breise ar fáil i gCuid 18 agus tá mionsonraí ar an ngníomh atá le déanamh chun aghaidh a thabhairt air seo le fáil i gCuid 11.

(ii) Sáruithe ar Shonraí
Le linn na tréimhse 8 Lúnasa 2018 go 21 Eanáir 2019, fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) 7 bhfógra sáraithe ó UCD. Shonraigh gach ceann de na fógraí sáraithe teagmhais inar aithníodh cuntais ríomhphoist UCD a d'fhéadfadh a bheith curtha i gcontúirt. Thug UCD faoi deara gur tharla na sáruithe mar gheall ar cheisteanna córais agus próisis agus laigí úsáideoirí, go bunúsach.

D'eisigh an CCS Litir Tosaithe chuig UCD i mí Iúil 2019 ag cur in iúl do UCD go gcuirfí tús le Fiosrúchán faoi rialacháin GDPR agus scríobh sé tuilleadh lena chur in iúl do UCD go n-áireofaí le scóip an Fhiosrúcháin cigireacht ar an láthair i mí na Samhna 2019. Fuarthas go raibh sárú déanta ag UCD sna réimsí a bhaineann le Slándáil Theicniúil agus Eagrúcháin, Tuairisciú Moillithe agus Coinneáil Sonraí/Sonraí, Íoslaghdú agus Stóráil ag eascairt as na 7 sárú sonraí a cuireadh in iúl d'Oifig an CCS. D'admhaigh an CCS go raibh UCD ag tabhairt aghaidh ar go leor de na fadhbanna seo ó tharla na sáruithe ach is é an pointe tagartha don CCS an dáta ar tharla na sáruithe. Tá mionsonraí ar an ngníomh atá le déanamh chun aghaidh a thabhairt air seo sonraithe i gCuid 11.

**(11) Tuairisc ar an Beart arna Ghlacadh chun an Lagú sa Rialú Inmheánach a Cheartú**

| Réimse neamhchomhlíonta nó laigí sa rialú inmheánach | Bearta le déanamh chun comhlíonadh a bhaint amach nó chun laigí a cheartú | Dáta dlite |
|---|---|---|
| Comhlíonadh soláthair<br><br>Mar a tugadh faoi deara i gCuid 10(i) agus a shonraítear ar bhealach níos iomláine i gCuid 18, tá measúnú déanta ag UCD ar chaiteachas de €4,602,357 mar nár chomhlíon na rialacháin um sholáthair phoiblí le linn na bliana airgeadais dar chríoch 30 Meán Fómhair 2020. | Tá córas bainistíochta conarthaí á chur i bhfeidhm ag an soláthar lena ndeimhneofar go ndéanfar conarthaí a ath-thairiscint go tráthúil agus a mhaolóidh in aghaidh úsáid a bhaint as conarthaí atá imithe in éag. Tá creat comhlíonta á dhearadh ag an mBainisteoir Comhlíonta Soláthair faoi láthair lena laghdófar méid an chaiteachais neamhchomhlíonta. | 31 Márta 2022 |
| Sáruithe ar Shonraí<br><br>Mar a luadh in Alt 10 (ii) rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí imscrúdú ar roinnt sáruithe sonraí ar thuairiscigh UCD iad. Críochnaíodh cinneadh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i mí na Nollag 2020. D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (1) iomardú do UCD, (2) ghearr sé fíneáil riaracháin €70,000 air agus (3) d'ordaigh do UCD a ghníomhaíochtaí próiseála sonraí a thabhairt i gcomhréir le GDPR agus d'ordaigh sé roinnt bearta feabhais sonracha a chur i bhfeidhm ina dtaca sin. | Tugadh treoir do UCD roinnt bearta feabhais a chur i bhfeidhm. Chuir UCD cuid acu siúd i bhfeidhm i rith na bliana agus ina dhiaidh sin, cuireadh 5 cinn de 6 bheart eile i bhfeidhm agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí an 28 Meitheamh 2021 ina ndearbhaítear é sin. Tugadh aghaidh ar an tsaincheist eile ina dhiaidh sin trí threoir nua a d'eisigh na Seirbhísí TF i rith an tsamhraidh. | 30 Meitheamh 2021 |

**(12) Oibleagáidí Reachtúla**
Admhaíonn an tÚdarás Ceannais an fhreagracht atá air chun comhlíonadh oibleagáidí reachtúla a chinntiú agus is deimhin leis go bhfuil próisis i bhfeidhm ag lucht bainistíochta UCD chun comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla uile is infheidhme maidir leis an Ollscoil a chumasú.

**(13) Cód Rialachais agus Cóid lompair**
Ghlac UCD leis an gCód Rialachais d'Ollscoileanna Éireannacha i mí na Nollag 2019 agus tá plean forfheidhmithe forbartha aige chun comhlíonadh gach gné den chód a chinntiú.

**(13) Cód Rialachais agus Cóid Iompair** *(ar lean)*
Cheadaigh an tÚdarás Ceannais Cód Iompraíochta do chomhaltaí an Údaráis Cheannais agus a choistí i mí an Mhárta 2020. Tá impleachtaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 chomh maith le hAcht na nOllscoileanna, 1997 curtha san áireamh sa Chód Iompair seo. Éilítear leis an gCód Iompair ar chomhaltaí Beartas Coinbhleachta Leasa na hOllscoile a chomhlíonadh.

Tá Cód Iompair d'Fhostaithe á fhorbairt ag an Stiúrthóir Acmhainní Daonna lena gcinnteofar comhairliúchán cuí leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn iomchuí. Is leis an gconradh fostaíochta a rialaítear iompar na foirne go príomha. Tá an beartais reatha atá i bhfeidhm lena rialaítear iompar na foirne ar fáil ar shuíomh gréasáin UCD.

**(14) Forbairtí a bhfuil Tábhacht Airgeadais leo**

1. Tá drochthionchar déanta ag paindéim COVID-19 ar chumas na hOllscoile foinsí ioncaim neamh-Státchiste a ghiniúint ó mhí Feabhra 2020. Tá céimeanna maolaithe glactha ag UCD trí chaiteachas neamhriachtanach a laghdú agus trí shruthanna ioncaim eile a chosaint an oiread agus is féidir.

2. Bhí roinnt tionscadal forbartha caipitil ar siúl i rith na bliana. Ba é an tionscadal is mó ná Céim 1 den Mháistirphlean Cónaithe ar d'fhaomh an tÚdarás Ceannais é i mí Feabhra 2018. Mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus an campas a bheith dúnta dá bharr, tá moill curtha ar an tionscadal seo agus níltear ag súil go gcuirfear i gcrích é go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2021 ach táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal i gcrích laistigh de thréimhse an bhuiséid. Críochnaíodh tionscadal Athchóirithe Theach na hAirde Móire ar cheadaigh an tÚdarás Ceannais é i mí na Nollag 2018 i rith na bliana laistigh dá bhuiséad ceadaithe. Tá tuilleadh sonraí ar thionscadail forbartha caipitil ar fáil i dTuarascáil an Uachtaráin ar Leathanaigh 3 agus 4.

3. Rinne an Ollscoil idirbheartaíocht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) i ndáil le saoráid maoinithe iasachtaí nua €350m chun forbairtí caipitil amach anseo a mhaoiniú. Síníodh an comhaontú iasachta i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus níor tarraingíodh anuas aon chuid den áis seo go dtí seo. B'ionann iomlán na n-iasachtaí amhail an 30 Meán Fómhair 2020 agus €143.1m (i gcomparáid le €58.7m ar 30 Meán Fómhair 2019). Mar a nochtar i Nóta 21 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, is éard a gcuimsítear leis na hiasachtaí seo, den chuid is mó, ná saoráid iasachta EIB a bhí ann cheana agus saoráid iasachta leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe. Ba iad na méideanna gan íoc amhail an 30 Meán Fómhair 2020 ná €53.0m le saoráid iasachta BEI agus €89.4m le saoráid iasachta na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe.

4. Thug na hachtúirí faoi luacháil iomlán thríbhliantúil ar na scéimeanna pinsin le sochar sainithe amhail an 30 Meán Fómhair 2020. Tá na gluaiseachtaí ar luachálacha pinsin sonraithe i Nóta 28 (Sochair Scoir) a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**(15) Beartas an Rialtais maidir le Pá**
Tá UCD ag comhlíonadh bheartas an Rialtais maidir le pá agus tá an creat imeachtaí do luach saothair comhaontaithe leis an Údarás um Ard-Oideachas faoi alt 25 d'Acht na nOllscoileanna, 1997.

**(16) Tuairisciú Airgeadais**
Tá na nósanna imeachta cuí maidir leis an tuairisciú airgeadais á ndéanamh. Ullmhaítear ráitis airgeadais iniúchta le haghaidh gach aonán dlíthiúil atá faoi rialú na hOllscoile.

**(17) Iniúchadh Inmheánach**
Tá feidhm neamhspleách Iniúchta Inmheánaigh i bhfeidhm, a thuairiscíonn don Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (ó thaobh feidhme) agus don Uachtarán (ó thaobh riaracháin). Faomhann an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca plean cuimsitheach Iniúchta Inmheánaigh gach bliain. Faigheann an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca tuarascálacha freisin ag gach cruinniú ar dhul chun cinn an phlean Iniúchta Inmheánaigh.

**(18) Soláthar**
(i) *Gnásanna Soláthair*
Chuir UCD beartais agus nósanna imeachta um sholáthar i bhfeidhm agus is gá an caiteachas neamhphá ar fad a sholáthar de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta sin. Cuireadh na beartais agus na nósanna imeachta seo in iúl do dhámh agus d'fhoireann na hOllscoile agus tá siad foilsithe ar shuíomh gréasáin na hOllscoile. Féachann UCD le comhlíonadh iomlán nósanna imeachta agus treoirlínte soláthair a chinntiú. Bíonn UCD ag oibriú go gníornhach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) agus leis na Seirbhísí Soláthair Oideachais chun a chinntiú go dtugtar faoi ghníornhaíochtaí soláthair de réir na samhla oibriúcháin atá curtha i bhfeidhrn ag OGP.

I R3 2020 rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Soláthair chun comhlíonadh an tírdhreacha soláthair phoiblí nua a bhrú chun cinn tuilleadh. Tá dréacht den bheartas nua á athbhreithniú faoi láthair.

Reáchtálann Oifig Soláthair UCD tairiscintí thar ceann UCD agus cuireann sí tacaíocht agus oiliúint ar fáil don fhoireann ar fud na hOllscoile. Tá córas ceannaigh láraithe ar líne ag UCD le haghaidh ceannaitheoirí oilte, agus é mar aidhm leis comhordú gníomhaíochtaí ceannaitheoirí a fheabhsú ar fud na hOllscoile agus feabhas a chur ar leibhéil chomhlíonta i gcoitinne.

Faoin Stiúrthóir Soláthair chun caiteachas a chomhiomlánú agus ar an gcaoi sin cumhacht ceannaigh UCD a uasmhéadú agus a mhéadú Ceannaigh nua, tá athbhreithniú á dhéanamh ar struchtúr na gceannaitheoirí d’fhonn croíghrúpa de cheannaitheoirí lánaimseartha a bheith lonnaithe go straitéiseach ar fud na hOllscoile agus ar féidir leo díriú ar an gcomhlíonadh agus deiseanna a shainaithint chun an caiteachas a chomhlánú agus cumhacht cheannaigh UCD a uasmhéadú, agus coigilteas breise a dhéanamh, dá réir.

(ii) *Neamhchomhlíonadh Soláthair*
Déanann UCD athbhreithniú ar an gcaiteachas carnach neamhphá le linn na bliana airgeadais agus déanann obair leantach i gcásanna ina n-aithnítear neamhchomhlíonadh nósanna imeachta soláthair. D’fhonn an caiteachas neamhchomhlíonta a íoslaghdú tuilleadh, tá sé beartaithe ag an bhfeidhm Soláthair uirlis ar líne a chur in ionad an bhunachair shonraí conarthaí láimhe atá ann faoi láthair a ghinfidh fógraí go tráthúil faoi chonarthaí atá chun dul in éag, rud a fhágfaidh go mbeidh dóthain ama chun próisis tairisceana a rith. Tá roghnú córais bhainistíochta conartha cuí á roghnú i gcomhthéacs athbhreithniú níos leithne ar chórais mar chuid de thionscadal claochlaithe digiteach agus tá sé beartaithe go mbeidh an bunachar sonraí conarthaí nua beo faoi Mhárta 2022. Tá Bainisteoir Comhlíonta fostaithe ag an Aonad Soláthair freisin atá i mbun creata comhlíonta a chur i gcrích atá beartaithe a leathadh amach le linn 2021/22.

(iii) *Plean Soláthair Corparáideach*
Críochnaíodh plean soláthair ilbhliantúil ina dtugtar mionsonraí ar na dtairiscintí soláthair atá beartaithe agus ar cuireadh é faoi bhráid na EPS agus an Údaráis um Ard-Oideachas é i mí na Samhna 2020. Críochnaíodh an Plean Soláthair Corparáideach agus cuireadh faoi bhráid an EPS é i mBealtaine 2019 freisin.

(iv) *Sonraí Soláthair Neamhchomhlíonta*
Is ionann an leibhéal caiteachais a mheas an Oifig Airgeadais mar chaiteachas neamhchomhlíontach le riachtanais soláthair na hearnála poiblí don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020 agus €4,602,357 agus baineann sé le 49 soláthraí. Ní áirítear leis an bhfigiúr caiteachas a tabhaíodh mar gheall ar chúiseanna fíorphráinne a d’eascair as paindéim COVID-19 agus arna cheadú faoi Rialachán 32(2) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údaráis Phoiblí a Dhámhachtain), 2016.

**(18) Soláthar** *(ar lean)*

(iv) Sonraí Soláthair Neamhchomhlíonta *(ar lean)*
Is ionann an t-iomlán de €4,602,357 agus thart ar 3.4% den chaiteachas inmheasúnaithe iomlán de €135m le soláthraithe os cionn na tairsí tairisceana de €25,000 don bhliain seo. Tharla go leor den chaiteachas neamhchomhlíonta seo toisc gur dámhadh shíneadh na gconarthaí ar bhonn iomaíoch ar dtús, agus toisc gur tharla soláthar neamhchomhlíonta eile trí úsáid a bhaint as luachan iomaíoch seachas trí phróiseas iomlán tairisceana. Baineann €875,889 den chaiteachas neamhchomhlíonta arna aithint le dhá chonradh inar cuireadh moill ar sheoladh na bpróiseas soláthair mar gheall ar agóidí dlíthiúla. Tá UCD tiomanta aghaidh a thabhairt ar na cásanna eile neamhchomhlíonta rialachán soláthair phoiblí agus a chinntiú go mbeidh conarthaí comhlíontacha i bhfeidhm don chaiteachas ar fad.

Leanann UCD ag glacadh céimeanna gníomhacha chun an leibhéal caiteachais neamhchomhlíonta san Ollscoil a íoslaghdú. I mí an Mhárta 2019 cheap sé Stiúrthóir Soláthair agus Ceannaigh atá freagrach as fócas straitéiseach a chur le réimse iomlán an tsoláthair. Ina theannta sin, ceapadh Bainisteoir Comhlíonta Soláthair i mí an Mhárta 2020 atá freagrach as creat comhlíonta soláthair a dhearadh agus a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as na córais atá in úsáid laistigh de UCD chun an dea-chleachtas soláthair a chinntiú, agus trí iad a fheabhsú, lena n-áirítear cur i bhfeidhm agus rolladh amach bunachar sonraí bainistíochta conarthaí lena n-éascófar tairiscintí feabhsaithe ar chonarthaí go tráthúil.

**(19) Diúscairtí Sócmhainní**
Ní raibh aon diúscairtí sócmhainní le linn na bliana airgeadais dar chríoch 30 Meán Fómhair 2020 seachas trealamh as feidhm a bhí dímheasta go hiomlán agus a raibh deireadh a shaolré úsáide sroichte aige. Cheadaigh an tÚdarás Ceannais diúscairt láithreáin le linn na bliana airgeadais díreach roimhe, dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2019, ach níl an diúscairt críochnaithe fós.

**(20) Treoirlínte um Bhreithmheas agus Bhainistiú ar Thograí Caipitil**
Tá UCD ag cloí le prionsabail, ceanglais agus treoirlínte ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus an Chreata um Bainistíocht Oibreacha Caipitil, agus tá nósanna imeachta á nuashonrú aige i bhfianaise an Chóid Chaiteachais Phoiblí athbhreithnithe a foilsíodh i mí na Nollag 2019.

**(21) Beartas Taistil**
Tá beartas taistil agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag UCD. Tá an beartas agus na nósanna imeachta ar fáil don fhoireann ar fad ar shuíomh gréasáin na hOllscoile. Nuair a bhí an beartas agus na nósanna imeachta á bhforbairt, tugadh aird ar na ceanglais atá i gciorcláin taistil ón Roinn Airgeadais / Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ar cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le speansais fostaithe.

**(22) An Luach ar Airgead**
Tá UCD ag cloí leis na treoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach i ndáil le Caiteachas Poiblí, mar atá leagtha amach sa Chód um Chaiteachais Phoiblí.

**(23) Comhlíonadh Cánach**
Tá UCD ag comhlíonadh dlíthe cánach agus tá próisis i bhfeidhm aige chun dliteanais chánach a shainaithint agus chun a chinntiú go n-íoctar na dliteanais sin de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá an Ollscoil ag obair le Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA) freisin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cánachais a bhaineann le hearnáil na n-ollscoileanna.

**(24) An Chosaint Leanaí**
Tá Beartas um Chosaint Leanaí agus Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm ag UCD lena gcomhlíontar na ceanglais faoin reachtaíocht maidir le Tús Áite do Leanaí.

**(25) Táillí agus costais an Údaráis Cheannais**
Níor íocadh aon táillí le comhaltaí an Údaráis Cheannais. Ba é €16,448 na speansais chomhiomlán a bhí iníoctha le comhaltaí seachtracha an Údaráis Cheannais sa bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 agus íocadh iad de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais/ na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Áirítear leis an bhfigiúr sin suim €7,816 a bhain le riaráistí ó bhlianta airgeadais roimhe.

**(26) Fochuideachtaí**
Leanann fochuideachtaí na hOllscoile ag feidhmiú ag deireadh na bliana airgeadais chun na críche atá ceadaithe ag an Údarás Ceannais agus leanann siad de bheith ag cloí go hiomlán le téarmaí agus coinníollacha an toilithe faoinar ceadaíodh iad. Leathnaíodh gníomhaíochtaí CLG Acadamh an Bhéarla UCD i rith na bliana chun Acadamh Gairmiúil UCD a chuimsiú.

Táirgeann gach fochuideachta ráitis airgeadais a ndéantar iniúchadh neamhspleách orthu agus a chuirtear ar áireamh i Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite UCD. Cuirtear ráitis airgeadais iniúchta reachtúla do gach ceann de na fochuideachtaí faoi bhráid an Choiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní agus an Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca, agus is buanchoistí de chuid an Údaráis Cheannais an dá cheann acu. Tá cód rialachais maidir le fochuideachtaí trádála á fhorbairt faoi láthair ar leibhéal earnála.

**(27) An Tuairisciú i ndáil le Nochtadh Rúnda – An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**
Tá Beartas um Nochtadh Cosanta curtha i bhfeidhm ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ar aon dul leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus tá an tuarascáil is gá faoi alt 22(1) den Acht foilsithe. Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta le linn na tréimhse tuairiscithe.

**(28) Cruinnithe an Údaráis Cheannais**
Bhí seacht gcruinniú ag an Údarás Ceannais sa bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 agus tá an taifead freastail do na cruinnithe sin leagtha amach thíos. Mionsonraítear sa taifead freastail an líon cruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu agus an líon cruinnithe a raibh gach comhalta i dteideal freastal orthu. I gcás go raibh athrú ar an mballraíocht le linn na tréimhse, tugtar faoi deara an dáta deiridh do chomhaltaí a bhí ag dul as oifig agus dáta tosaithe na gcomhaltaí nua.

| | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| *Cathaoirleach* | |
| Marie O'Connor | 7/7 |
| *An tUachtarán* | |
| An tOllamh Andrew J. Deeks | 7/7 |
| *An tOifigeach Acadúil Sinsearach (an Cláraitheoir)* | |
| An tOllamh Mark Rogers | 6/7 |
| *Comhaltaí arna dtoghadh ag an bhFoireann Acadúil Ollúna* | |
| An tOllamh Emma Teeling | 7/7 |
| An tOllamh Alex Evans | 7/7 |
| An tOllamh Dympna Devine | 7/7 |
| An tOllamh Patrick Paul Walsh | 7/7 |
| An tOllamh Geraldine Butler | 7/7 |
| An tOllamh Pat Guiry | 7/7 |

**(28) Cruinnithe an Údaráis Cheannais** *(ar lean)*

| | | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| *Comhaltaí arna dtoghadh ag an bhFoireann Acadúil Neamh-Ollúna* | | |
| An tOllamh Comhlach Emma Sokell | | 6/7 |
| An tOllamh Comhlach Wolfgang Marx | | 6/7 |
| An tOllamh Comhlach Eoin Dunnion | | 6/7 |
| An Dr Kelly Fitzgerald | | 7/7 |
| An Dr Regina Joye | | 7/7 |
| *Comhaltaí ama dtoghadh ag an bhFoireann Neamhacadúil* | | |
| Claire Nolan | | 7/7 |
| Helen Kenny | | 7/7 |
| Hugo O'Donnell | | 7/7 |
| *Oifigigh Tofa d'Aontas Mac Léinn UCD* | | |
| Una Carroll | (go dtí 20 Meitheamh 2020) | 5/5 |
| Joanna Siewierska | (go dtí 20 Meitheamh 2020) | 4/5 |
| Brian Treacy | (go dtí 20 Meitheamh 2020) | 5/5 |
| Conor Anderson* | (ó 20 Meitheamh 2019) | 7/7 |
| Hannah Bryson | (ó 20 Meitheamh 2020) | 2/2 |
| Ruairí Power | (ó 20 Meitheamh 2020) | 2/2 |

*Maidir leis an mballraíocht, rinneadh ionadaíocht leis thar ceann toghcheantair ar leith i rith na bliana

| | | |
|---|---|---|
| *Comhaltaí ama dtoghadh ag Mic Léinn Iarchéime* | | |
| Carla Gummerson | (ó 20 Meitheamh 2020) | 2/2 |
| *Comhaltaí arna n-Ainmniú ag Eagraíochtaí* | | |
| Charles Coase | | 7/7 |
| Isabel Foley | | 7/7 |
| Mary O'Dea | | 7/7 |
| *Comhaltaí arna n-Ainmniú ag an Aire Oideachais* | | |
| Noeline Blackwell | (ó 10 Meán Fómhair 2020) | 0/0 |
| An Clr. Dermot Lacey | (ó 10 Meán Fómhair 2020) | 0/0 |
| Ann Marie Taylor | (ó 10 Meán Fómhair 2020) | 0/0 |
| *Arna Tofadh ag Céimithe OÉ UCD* | | |
| Clíona de Bhaldraithe Marsh | | 6/7 |
| Eoghan Murphy | | 7/7 |
| *Ard-Mhéara Chathair Bhaile Átha Cliath* | | |
| Paul Mc Auliffe | | 0/6 |
| Hazel Chu | | 1/1 |
| *Comhaltaí arna n-Ainmniú ag Ollscoil na hÉireann* | | |
| Julie O'Neill | | 7/7 |
| Liam McLoughlin | | 7/7 |

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## An Ráiteas maidir le Rialachas agus Rialacháin Inmheánacha *(ar lean)*
*don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020*

**(28) Cruinnithe an Údaráis Cheannais** *(ar lean)*

| | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| *Comhaltaí arna dToghadh ag Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann* | |
| John Paul Feeley | 7/7 |
| Christy Curtin | 7/7 |
| Rosaleen O'Grady | 2/7 |
| Sinead Guckian | 7/7 |
| Emer Higgins | 3/7 |
| Peggy Nolan | 4/7 |
| Pat Daly | 5/7 |
| Padraig Conneely | 6/7 |

**(29) Cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Bainistíocht Riosca**

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchta agus Bainistíocht Riosca sa bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 agus tá an taifid tinrimh do na cruinnithe sin leagtha amach thíos. Mionsonraítear sa taifead freastail an líon cruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu agus an líon cruinnithe a raibh gach comhalta i dteideal freastal orthu.

| | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Isabel Foley (Cathaoirleach) | 6/6 |
| Padraig Conneely | 4/6 |
| Catherine Ghose | 6/6 |
| Liam McLoughlin | 6/6 |
| Eoghan Murphy | 6/6 |
| Noreen O'Kelly | 5/6 |

**(30) Cruinnithe an Choiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní**

Bhí sé ghnáth-chruinniú ag an gCoiste Iniúchta agus Bainistíocht Riosca sa bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 agus tá an taifid tinrimh do na cruinnithe sin leagtha amach thíos. Tionóladh cruinniú speisialta i mí Aibreáin 2020 go dtí go mbunófaí foghrúpa speisialta um Covid-19 den Údarás Ceannais; cuimsíonn an taifead tinrimh thíos an cruinniú seo freisin. Mionsonraítear sa taifead freastail an líon cruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu agus an líon cruinnithe a raibh gach comhalta i dteideal freastal orthu.

| | | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Charles Coase (Cathaoirleach) | | 7/7 |
| An tOllamh Andrew Deeks | | 7/7 |
| An tOllamh Mark Rogers | | 7/7 |
| David Kelly | | 7/7 |
| An tOllamh Comhlach Emma Sokell | | 7/7 |
| An tOllamh Patrick Guiry | | 7/7 |
| Mary O'Dea | | 7/7 |
| John Paul Feeley | | 4/7 |
| Clíona de Bhaldraithe Marsh | | 7/7 |
| Julie O'Neill | | 6/6 |
| Joanna Siewierska | (go dtí 20 Meitheamh 2020) | 6/6 |
| Conor Anderson | (ó 20 Meitheamh 2020) | 2/2 |

**(31) Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Údaráis Cheannais**
Déanann an tÚdarás Ceannais athbhreithniú ar a fheidhmíocht agus ar a shocruithe oibre ar bhonn leanúnach agus déanann sé na hathruithe ábhartha de réir mar is gá.

Rinneadh athbhreithniú inmheánach féinmheasúnaithe i mí an Mheithimh 2020 agus cuireadh tuarascáil ar thorthaí faoi bhráid chomhaltaí an Údaráis Cheannais i Meán Fómhair 2020. Rinneadh athbhreithniú seachtrach in 2018. Cuireadh nuashonrú feidhmiúcháin ar fáil don Údarás Ceannais an 10 Nollaig 2020 inar tugadh suntas don dul chun cinn ar na moltaí agus pléadh an tuarascáil sin ag an gcruinniú den Údarás Ceannais a tionóladh i mí an Mhárta 2021.

Tá sé beartaithe athbhreithniú seachtrach a choimisiúnú in 2022 i gcomhréir leis an gceanglas maidir le hathbhreithniú seachtrach a dhéanamh uair amháin ar a laghad le linn théarma oifige an Údaráis Cheannais.

**(32) Tuarastal an Uachtaráin**
Ba é tuarastal an Uachtaráin, an tOllamh Andrew J. Deeks, ná €207,590 in aghaidh na bliana le linn na tréimhse tuairiscithe.

**(33) Saincheisteanna Rialachais agus Cuntasachta Ginearálta**
(i) *Stiúrthóir Rialachais na hOllscoile*
Tharla go raibh an post Stiúrthóir um Rialachas Ollscoile - a ghlac freagrachtaí Rúnaí an Údaráis Cheannais - folamh an 30 Aibreán 2020. Cuireadh tús le próiseas earcaíochta i bhFómhar 2020 chun Rúnaí buan agus Stiúrthóir Rialachais Ollscoile a shainaithint. Ceapadh Rúnaí agus Stiúrthóir Rialachais Ollscoile eatramhach i mí na Nollag 2020 agus rinneadh ceapachán cúig bliana i mí an Mhárta 2021. D'fhormheas an tÚdarás Ceannais a cheapachán mar Rúnaí don Údarás Ceannais ag an gcruinniú dá chuid ar tionóladh an 25 Márta 2021.

(ii) *An Cód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann 2019 a chur i bhfeidhm*
Tá an Cód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann (2019) curtha i bhfeidhm go substaintiúil. Tabharfar tús áite d'aon bhearnaí arna sainaithint ina leith agus é beartaithe an cur i bhfeidhm a thabhairt chun críche in 2021.

(iii) *Síneadh leis an gConradh Iniúchóirí Seachtracha Ceaptha*
Cheadaigh an tÚdarás Ceannais síneadh bliana le téarma KPMG mar an t-iniúchóir seachtrach ceaptha, agus sa ról sin déanann sé iniúchtaí reachtúla ar ráitis airgeadais fhochuideachtaí na hOllscoile agus ar ráitis airgeadais GAAP SAM a bhfuil dualgas ar an Ollscoil a chur isteach chuig an Roinn Oideachais na SA freisin mar chuid dá rannpháirtíocht sa chlár Feidearálach Chúnamh do Mhic Léinn. Comhaontaíodh an síneadh chun na rioscaí a bhaineann le tús a chur le próiseas tairisceana nua a mhaolú le linn tréimhse phaindéim COVID-19 agus fad a bhí athruithe á gcur i bhfeidhm ar an gclár ama don iniúchadh bliantúil chun a chinntiú go raibh ráitis airgeadais GAAP na hÉireann agus SAM araon ar fáil lena gceadú ag an Údarás Ceannais faoin 31 Márta 2021. Tá próiseas soláthair phoiblí tugtha chun críche ó shin agus tá Mazars ceaptha ó chreat an OGP mar iniúchóirí seachtracha ar feadh tréimhse ceithre bliana chun tús a chur leis an iniúchadh don bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2021. Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchóir reachtúil agus le linn dó a iniúchadh a dhéanamh braitheann sé ar fhianaise ón iniúchadh a rinne na hiniúchóirí seachtracha ceaptha.

**(34) Íocaíochtaí Foirceannta/Téarcair agus Comhaontuithe**
Fuair gach íocaíocht dheonach iomarcaíochta agus téarfa ceadú ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Cloíonn UCD leis an bhfógra dar dáta an 7 Samhain 2018 ón Roinn Oideachais agus Scileanna i ndáil le Comhdhlúthú an tSocraithe maidir le Tairiscint ar Théarmaí Idirscartha sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

**(35) Comhairleoireacht Sheachtrach / Táillí Comhairleacha**
B'ionann na táillí comhairleacha seachtracha, lena n-áirítear táillí comhairliúcháin sheachtracha don bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 agus €4,194,359 (gan CBL san áireamh). As an méid iomlán seo, baineann €2,053,638 de le táillí gairmiúla (táillí ailtire agus táillí suirbhéir cainníochta go príomha) chun foirgnimh nua a thógáil, atá caipitlithe agus curtha san áireamh i ráitis airgeadais UCD mar chuid de bhreiseanna sócmhainní seasta. Tá iarmhéid na dtáillí comhairleacha seachtracha, lena n-áirítear táillí comhairliúcháin sheachtracha, arbh fhiú €2,140,721 iad curtha de mhuirear in aghaidh ioncaim sna ráitis airgeadais mar chuid de chostais oibriúcháin athfhillteacha iomlána. Cuimsíonn na táillí comhairleoireachta/comhairliúcháin sheachtracha seo Margaíocht/Caidreamh Poiblí €1,616,231, Acmhainní Daonna €206,519, Pinsin €150,209, Táillí dlí €30,714, Táillí Comhairleacha cánach agus airgeadais €19,083 agus seirbhísí comhairleoireachta/comhairle eile €117,965.

**(36) Ragobair agus Liúntais arna n-áireamh le Cúiteamh d'Fhostaithe**
Nochtar sonraí ar chostais foirne i Nóta 7 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. San áireamh sna costais foirne seo tá suimeanna de €347,050 maidir le ragobair agus €1,309,211 i leith liúntas.

**(37) Cineál na sochar iarfhostaíochta do phríomhphearsanra bainistíochta**
Nochtar sonraí an chúitimh iomlán do phríomhphearsanra bainistíochta sa nóta ar Chostais Foirne (Nóta 7) sna ráitis airgeadais. Tá na príomhphearsanra bainistíochta go léir ina mbaill de scéimeanna caighdeánacha pinsin UCD agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí na scéimeanna sin.

**(38) Caiteachas ar Thaisteal & Cothabháil agus ar Fháilteachas**
Nochtar Caiteachas ar Thaisteal agus ar Fháilteachas i Nóta 8 (Costais oibriúcháin eile) sna ráitis airgeadais. As an bhfigiúr seo, baineann €5.199m de le taisteal agus €489,000 le fáilteachas.

**(39) Costais / Socraíochtaí Dlí**
Rinne an Ollscoil socraíocht dlíthiúil amháin sa bhreis ar €50,000 le linn na tréimhse tuairiscithe. B'ionann an tsocraíocht agus €60,000 agus b'ionann na costais dlí lena mbaineann agus €7,520 gan CBL san áireamh. Tá na costais dlí san áireamh sna táillí comhairleoireachta/comhairliúcháin sheachtracha arna dtuairisciú faoi Alt 35 thuas.

____________________________
Andrew Deeks
*Uachtarán*

Dáta:

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS CHEANNAIS

Ceanglaítear ar an Údarás Ceannais cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas cuí agus iondúil a choinneáil ar an airgead a fhaigheann agus a chaitheann sí i cibé foinn a fhaomhfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Tá an tÚdarás Ceannais freagrach freisin as Tuarascáil an Uachtaráin agus na ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais ina dtugtar léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile agus ar bharrachas nó easnamh ghrúpa na hOllscoile don bhliain sin.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Údarás Ceannais:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach toimhde a dhéanamh go leanfar leis an Ollscoil a oibriú

Tá an tÚdarás Ceannais freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh na hOllscoile agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn a ráitis airgeadais le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta Cuntasaíochta d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais agus go n-ullmhaítear iad de réir FRS102 *"An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus* i *bPoblacht na hÉireann".*

Tá an tÚdarás Ceannais freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó na hOllscoile ar bhealach cóir agus rialta agus as gach sócmhainn atá faoina rialú oibriúcháin a chosaint agus, ar an ábhar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

*Thar ceann an Údaráis Cheannais,*

Andrew Deeks
*Uachtarán*

Dáta:

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Táimse tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna, 1997. Is éard a chuimsítear leis na ráitis airgeadais ná

- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe i gcúlchistí
- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar an staid airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite ar na sreafaí airgid, agus
- na nótaí a ghabhann leo siúd, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta.

I mo thuairimse féin, tugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta sna ráitis airgeadais i dtaca le sochair agus dochair na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile araon amhail ar an 30 Mean Fómhair 2020 agus maidir le hioncam agus le caiteachas ghrúpa na hOllscoile don bhliain dar chríoch an dáta sin de réir an Chaighdeán Tuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe in Éirinn agus sa RA.*

### *Béim ar ábhar — pinsean is infhaighte*

Gan mo thuairim ar na ráitis airgeadais a cháiliú, dírím aird ar Nóta 28 a bhaineann le sochair scoir atá fabhraithe ag baill foirne reatha agus iar-bhaill foirne suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.

Le sócmhainní maoinithe pinsin iarchurtha i leith na Scéime Pinsin Dúnta (€1,446 milliún) agus Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (€71 milliún) aitheanta, léirítear forálacha reachtúla a bhaineann le maoiniú na scéimeanna sin.

Le sócmhainn de €716 milliún i leith na Scéime Eiseamláireach agus forlíonadh pinsin a aithint, táthar ag súil go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun freastal ar dhliteanais phinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Gné bhunúsach den chur chuige cuntasaíochta sin is ea toimhde gurb amhlaidh ar an gcéad dul síos go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm maidir le speansais reatha agus gur le cistiú Stáit a ghlanfar aon easnamh acmhainní is gá chun dliteanais sochair scoir a íoc amach anseo.

### *Bonn na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar aon dul le Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAanna) de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí a chuirtear orm de réir na caighdeán sin ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Agus m'iniúchadh á dhéanamh agam, déanaim iarracht brath ar fhianaise ó iniúchadh ar na ráitis airgeadais arna dhéanamh ag iniúchóirí neamhspleácha arna bhfostú ag an Ollscoil.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá bailithe agam leordhóthanach iomchuí chun bonn a chur le mo thuairim.

## Tuairisc ar eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá an Ollscoil tar éis roinnt eolais eile a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis seo tuarascáil an Uachtaráin, ráiteas rialachais agus rialaithe inmheánaigh agus ráiteas ar fhreagrachtaí an Údaráis Cheannais.

Tá cur síos ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá agam chun tuairisciú maidir le heolas dá leithéid, chomh maith le ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

### *Neamhchomhlíonadh soláthair*

Nochtar sa ráiteas ar rialachas agus rialú inmheánach gur tabhaigh an Ollscoil caiteachas suntasach in 2019/2020 ar earraí agus seirbhísí nár chomhlíon a gceannachán leis na nósanna imeachta náisiúnta agus AE. Leagtar amach sa ráiteas na céimeanna atá glactha ag an Ollscoil chun nósanna imeachta um sholáthar a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh freisin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus**

**Ciste 30 Meán Fómhair 2021**

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis Cheannais

Tá na comhaltaí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Acht na nOllscoileanna, 1997.
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht an bhoinn leanúnaigh don chuntasaíocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm de réir Acht na nOllscoileanna, 1997 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOllscoile agus tuairisc a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais ina leith.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna mí-ráiteas ábhartha, más ann dó, i gcónaí. Féadfaidh míráitis tarlú mar gheall ar chalaois nó mar gheall ar bhotún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a tharlaíonn mar gheall ar bhotún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta gaolmhar.
- Críochnaím ar oiriúnacht úsáid an bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas, an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hamhras mór ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis go scorfar leis a bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca leis an rialachas inmheánach.

#### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamhchomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar cheisteanna eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí arna maoiniú iad ag an Stát maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Déanaim tuairisc má sainaithním nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar an rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má éiríonn liom a nochtadh aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad. Tuairiscím freisin trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nach raibh na taifead cuntasaíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifead cuntasaíochta.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach
An bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2020

| | Nóta | **2020** **€'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Stáit | 3 | **82,266** | 72,723 |
| Táillí acadúla | 4 | **239,923** | 232,400 |
| Deontais taighde agus conarthaí taighde | 5 | **86,328** | 89,221 |
| Ioncam Eile | 6 | **98,043** | 112,221 |
| Amúchadh deontais chaipitil iarchurtha | 22 | **10,303** | 11,397 |
| Glanmhaoinú iarchurtha do phinsin | 28 | **62,675** | 73,640 |
| **Ioncam iomlán** | | **579,538** | 591,602 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 7 | **337,901** | 322,085 |
| Costais seirbhísithe pinsean | 7, 28 | **40,233** | 31,229 |
| Costais Oibriúcháin Eile | 8 | **139,150** | 146,338 |
| Dímheas | 12 | **29,718** | 28,356 |
| Ús iníoctha | 9 | **2,618** | 1,723 |
| Costas úis phinsin | 28 | **22,442** | 42,411 |
| **Caiteachas iomlán** | | **572,062** | 572,142 |
| **Barrachas roimh sciar den bharrachas sa chomhfhiontair** | | **7,476** | 19,460 |
| Sciar den bharrachas oibriúcháin sa chomhfhiontar | 15 | **458** | 116 |
| **Barrachas roimh cháin** | | **7,934** | 19,576 |
| Cáin | 10 | **(120)** | (109) |
| **Barrachas don bhliain** | 11 | **7,814** | 19,467 |
| Gnóchan achtúireach i leith scéimeanna pinsin | 28 | **(43,611)** | 73,640 |
| Gluaiseacht ar phinsean is infhaighte ón Stát | 28 | **43,611** | (73,640) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **7,814** | 19,467 |
| Lena n-áirítear: | | | |
| Ioncam cuimsitheach déarlaic don bhliain | | **-** | - |
| Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain | | **-** | - |
| Ioncam cuimsitheach neamhshrianta don bhliain | | **7,814** | 19,467 |
| | | **7,814** | 19,467 |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí atá fós ar siúl.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe i gcúlchistí
An bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2020

| **Comhdhlúite** | **Cúlchiste ioncaim agus caiteachais** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Déarlaic | **Srianta** | Neamhshrianta | **Iomlán** |
| | €'000 | €'000 | €'000 | **€'000** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018** | - | - | 476,831 | **476,831** |
| Farasbarr ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | - | - | 19,467 | **19,467** |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2019** | - | - | 496,298 | **496,298** |
| Farasbarr ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | - | - | 7,814 | **7,814** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | 7,814 | **7,814** |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | - | - | 504,112 | **504,112** |

| **Ollscoil** | **Cúlchiste ioncaim agus caiteachais** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Déarlaic | **Srianta** | Neamhshrianta | **Iomlán** |
| | €'000 | €'000 | €'000 | **€'000** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018** | - | - | 479,785 | **479,785** |
| Farasbarr ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | - | - | 20,125 | **20,125** |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2019** | - | - | 499,910 | **499,910** |
| Farasbarr ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | - | - | 9,701 | **9,701** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | 9,701 | **9,701** |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | - | - | 509,611 | **509,611** |

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar an Staid Airgeadais

Amhail an 30 Meán Fómhair 2020

| | | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **2020** | 2019 | **2020** | 2019 |
| | Nóta | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| **Sócmhainní neamh-reatha** | | | | | |
| Sócmhainní seasta | 12 | **872,065** | 829,113 | **861,581** | 806,660 |
| Sócmhainní oidhreachta | 13 | **27,832** | 21,451 | **27,832** | 21,451 |
| Infheistíochtaí | 14 | **53** | 53 | **7,053** | 7,053 |
| Infheistíochtaí sa chomhfhiontar | 15 | **3,299** | 3,120 | **2,608** | 2,608 |
| | | **903,249** | 853,737 | **899,074** | 837,772 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Stoic | 16 | **5,850** | 3,720 | **5,850** | 3,720 |
| Féichiúnaithe | 17 | **124,971** | 93,928 | **134,117** | 141,390 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 18 | **107,098** | 89,453 | **103,520** | 53,536 |
| | | **237,919** | 187,101 | **243,487** | 198,646 |
| **Creidiúnaithe:** | | | | | |
| suimeanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin | 19 | **(268,698)** | (253,542) | **(264,585)** | (245,511) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(30,779)** | (66,441) | **(21,098)** | (46,865) |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | **872,470** | 787,296 | **877,976** | 790,907 |
| **Creidiúnaithe:** | | | | | |
| suimeanna dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin | 20 | **(368,358)** | (290,998) | **(368,365)** | (290,997) |
| **Sócmhainní glan gan pinsean (dliteanas)/infhaighte a áireamh** | | **504,112** | 496,298 | **509,611** | 499,910 |
| Dliteanas pinsin | 28 | **(2,233,067)** | (2,137,310) | **(2,233,067)** | (2,137,310) |
| Pinsean infhaighte | 28 | **2,233,067** | 2,137,310 | **2,233,067** | 2,137,310 |
| **Sócmhainní glan lena n-áirítear (dliteanas pinsin)/ pinsean infhaighte** | | **504,112** | 496,298 | **509,611** | 499,910 |
| **Cúlchistí neamhshrianta** | | | | | |
| Cúlchiste ioncaim agus caiteachais – neamhshrianta | | **504,112** | 496,298 | **509,611** | 499,910 |
| **Cúlchiste iomlán** | | **504,112** | 496,298 | **509,611** | 499,910 |

Bhí na ráitis airgeadais sínithe thar ceann an Údaráis Cheannais ag:

Andrew Deeks
*Uachtarán*

David Kelly
*Príomhoifigeach Airgeadais / Sparánaí*

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite ar na Sreafaí Airgid
An bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhartha oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don bhliain | | **7,814** | 19,467 |
| **Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | | **29,718** | 28,356 |
| Amúchadh deontais chaipitil iarchurtha | | **(10,303)** | (11,397) |
| Ús iníoctha | | **2,618** | 1,723 |
| **Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh ghluaiseacht i gcaipiteal oibre** | | **29,847** | 38,149 |
| Méadú i stoic | | **(2,130)** | (743) |
| Méadú sa líon féichiúnaithe | | **(31,043)** | (16,416) |
| Méadú sa líon creidiúnaithe | | **13,745** | 32,969 |
| **Gluaiseachtaí eile** | | | |
| Deontais chaipitiúla neamhrialtasacha arna n-aithint | | **(801)** | (10,089) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **9,618** | 43,870 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhartha infheistíochta** | | | |
| Deontais chaipitil a fuarthas | | **5,412** | 16,762 |
| Gluaiseacht in infheistíochtaí | | **(179)** | (227) |
| Breiseanna le sócmhainní oidhreachta | | **(5,722)** | (4,999) |
| Breiseanna le sócmhainní seasta | | **(73,329)** | (99,505) |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(73,818)** | (87,969) |
| **Sreafaí airgid ó oibriúcháin mhaoinithe** | | | |
| Iasachtaí nua arna dtarraingt anuas | | **90,000** | - |
| Aisíocaíochtaí caipitil | | **(5,153)** | (4,498) |
| Ús íoctha | | **(2,618)** | (1,723) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **82,229** | (6,221) |
| **Méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid sa bhliain** | | **18,029** | (50,320) |
| Airgead tirim nó a choibhéis ag tús na bliana | | **88,316** | 138,636 |
| **Airgead tirim nó a choibhéis ag deireadh na bliana** | Nóta 25 | **106,345** | 88,316 |

### 1. Beartais chuntasaíochta shuntasacha

Déantar achoimre thíos ar na beartais chuntasaíochta a mheastar a bheith ábhartha maidir leis an Ráitis airgeadais. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

#### a. Eolas ginearálta agus bonn na cuntasaíochta

Ba mar chomhcholáiste de chuid Ollscoil na hÉireann a bunaíodh an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar dtús sa bhliain 1908. Rinneadh amhlaidh le Cairt faoin Irish Universities Act, 1908. Athbhunaíodh é mar Ollscoil faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, agus ainmníodh é Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Athraíodh an t-ainm go dtí an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, ina dhiaidh sin le hionstraim Reachtúil Uimh. 447 de 1998, an tOrdú um Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (Ainm Ollscoile a Athrú), 1998.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Ollscoile faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus an Ráiteas ar Chleachtais Molta (SORP): Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais arna eisiúint ag an Higher Education Further Education SORP Board sa Ríocht Aontaithe, rud ar ghlac an Ollscoil go deonach é.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro toisc gurb é airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche inar fheidhmigh an Ollscoil é. Cuirtear oibríochtaí eachtracha ar áireamh sna ráitis de réir na mbeartas atá leagtha amach thíos.

#### b. An Bunús le comhdhlúthú

Tá ráitis airgeadais an Ghrúpa comhdhlúite i ráitis airgeadais na hOllscoile agus a gnóthais fochuideachta suas go dtí an 30 Mean Fómhair 2020.

Is ón dáta a fuarthas rialú orthu nó chuig an dáta a cailleadh rialú orthu a chomhdhlúthaítear na torthaí de chuid fochuideachtaí a ceannaíodh nó a díoladh.

Is faoi mhodh an cheannaigh a thugtar cuntas ar chomhcheangail ghnó. Nuair is gá, coigeartaítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí chun na beartais chuntasaíochta a úsáideann siad a chur i gcomhréir leo sin a úsáideann an Grúpa. Déantar na hidirbhearta, comharduithe, ioncaim agus speansais idirghrúpa uile a dhíothú ar an gcomhdhlúthú.

Níor comhdhlúthaíodh gníomhaíochtaí Aontas Mac Léinn UCD anseo toisc nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi rialú ag an Ollscoil. Níor cuireadh ráitis airgeadais Fhondúireacht UCD (an “Fondúireacht”) ar áireamh sna ráitis seo ach oiread toisc nach bhfuil sé faoi rialú ag an Ollscoil. Leanfaidh an Ollscoil le hathbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar a caidreamh leis an bhFondúireacht de FRS agus ar fhorálacha FRS 102. Níor comhdhlúthaíodh gnóthais eile neamhábhartha a bhfuil leas ag an Ollscoil iontu.

Déileáiltear le haistrithe chuig an Ollscoil mar chaiteachas de chuid an bhFondúireacht sa tréimhse ina bhfuil an íocaíocht dlite. Aithnítear an caiteachas a luaithe a bheidh oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ann íocaíocht a dhéanamh le tríú páirtí, nuair is dócha go mbeidh gá le socraíocht, agus is féidir méid na hoibleagáide a thomhas go hiontaofa. Faigheann an Ollscoil cistí ón bhFondúireach i leith tionscadail chaipitil, ioncaim agus taighde. Aithnítear deontais le haghaidh na tionscadail seo mar ioncam nuair a chomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Cuirtear aon suimeanna a fhaightear ach nach n-aithnítear siar go dtí go gcomhlíontar aon choinníollacha feidhmíochta gaolmhara. Mar sin, de bharr uainiú an aitheantais, aithnítear méideanna éagsúla i ráitis airgeadais na hOllscoile agus na Fondúireachta faoi seach.

Chuir an Ollscoil cóiríocht oifige, úsáid trealamh oifige agus seirbhísí riaracháin ar fáil don Fhondúireacht sa tréimhse. Anuas air sin, thabhaigh an Ollscoil caiteachas ab fhiú €2.3 milliún a bhí iníoctha leis an bhFondúireacht i leith costais riaracháin eile a thabhaigh an Fhondúireacht ó thríú páirtithe. An 30 Meán Fómhair 2020, ní raibh aon suimeanna dlite don Fhondúireacht ina leith seo. Fuair an Ollscoil €5.0 milliún ón bhFondúireacht sa tréimhse chéanna le haghaidh oideachas agus taighde a chur chun cinn. Ina theannta sin, rinne an Ollscoil suim €1.2 milliún i leith tionscadail chaipitil a aithint laistigh d’Fhéichiúnaithe faoin teideal “Cistiú caipitil eile atá infhaighte”.

Is féidir sraith de ráitis airgeadais 2019 don Fhondúireacht UCD a fháil ar a suíomh gréasáin ag *https:// ucdfoundation.ie/annual-reports/*

**1. Beartais chuntasaíochta shuntasacha** *(ar lean)*

**c. Gnóthas leantach**

Tá dúshlán tugtha do chumas na hOllscoile foinsí ioncaim neamh-Státchiste a ghiniúint mar gheall ar ráig an víreas COVID-19 a leanadh leis, rud a bhfuil drochthionchar suntasach aige ar chumas na hOllscoile ioncam a thabhairt isteach. In 2021, tá laghdú ábhartha tugtha faoi deara ag an Ollscoil in ioncam cónaithe na mac léinn, ioncam ó oibríochtaí tráchtála ar an gcampas agus réamhioncam dá gnó samhraidh 2021 ach tá an Ollscoil ag glacadh le costais a laghdú agus bearta maolaithe eile, chomh maith le maoiniú méadaithe ón Stát, chun an tionchar airgeadais, is tionchar a eascraíonn as caillteanas ioncaim neamh-Státchiste, a laghdú. Cé go bhfuil éiginnteachtaí suntasacha ag baint leis an bpaindéim COVID-19, measann an Ollscoil, mar gheall ar na hiarmhéideanna láidre airgid aige, chomh maith leis an rialú costais docht leanúnach, na háiseanna iasachta téarma reatha agus a cumas leanúint ar aghaidh ag giniúint ioncam ó tháillí mac léinn AE agus neamh-AE, go mbeifear in ann a chuid oibríochtaí a choinneáil sa timpeallacht luaineach reatha go ceann i bhfad. Tá réamhaisnéisí sreabhadh airgid ullmhaithe ag an Ollscoil bunaithe ar a caiteachas caipitiúil réamh-mheasta agus ar thorthaí buiséid athfhillteacha bliantúla do na blianta airgeadais 2020/21 agus 2021/22 agus bunaithe ar na réamhaisnéisí seo, is deimhin leis an Údarás Ceannais go bhfuil dóthain acmhainní ag grúpa na hOllscoile chun a oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Dá réir sin, leanann leis an Údaráis Cheannais le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a ghlacadh agus na ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú aige.

**d. Sócmhainní seasta inláimhsithe**

*(i) Tailte agus foirgnimh*

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir costais, glan ar dhímheas agus ar aon soláthar do bheamú. Luaitear dímheas i leith gach sócmhainn seasta inláimhsithe, seachas talamh ruílse, ar rátaí arna ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar an gcostas measta iarmharach atá ar gach sócmhainn ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh ruílse | 50 bliain |
| Tailte agus foirgnimh léasachta | téarma an léasa |

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfí amach ó dhíuscairt sócmhainne faoi láthair na huaire, tar éis do na costais measta diúscartha a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an sócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith mar dheireadh a shaol úsáide, agus an baill sin air.

Sa chás go bhfaightear talamh agus foirgnimh trí éadáil le cabhair ó dheontais ar leith, déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas mar atá thuas. Cuirtear na deontais ghaolmhara chun sochair cuntas deontas caipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

(1) Scaoiltear deontais chaipitil stáit thar shaolré eacnamaíoch úsáideach ionchasach na sócmhainne gaolmhaire ar bhonn atá comhsheasmhach leis an mbeartas dímheasa agus
(2) Scaoiltear deontais neamhrialtais nuair a bhíonn an Ollscoil i dteideal an t-ioncam a fháil faoi réir aon choinníollacha a bhaineann Je feidhmíocht a chomhlíonadh.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh atá á dtógáil de réir costais, bunaithe ar luach na ndeimhnithe ailtirí agus ar na costais dhíreacha eile a tabhaíodh go deireadh na bliana airgeadais. Ní dhímheastar iad go dtí go bhfuil siad in úsáid.

*(ii) Trealamh agus mionoibreacha*

Déantar trealamh a chosnaíonn níos lú ná €5,000 in aghaidh na míre aonair a dhíscríobh chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain inar ceannaíodh é. Is de réir costais a chaipitlítear gach cineál trealaimh eile. Déantar trealamh caipitlithe a dhímheas thar a shaolré eacnamaíoch fhónta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Sócmhainní ar léas | 20 bliain nó an phríomhthréimhse léasa, más giorra |
| Trealamh ríomhaireachta | 3 bliana |
| Trealamh, daingeáin agus feistis | 5 bliana |
| Mionoibreacha | 10 mbliana |

Sa chás go bhfaightear trealamh le cúnamh deontas sonrach Stáit, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuasluaite. Cuirtear na deontais ghaolmhara chun sochair chuntas deontas caipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré fhónta ionchasach an trealaimh ghaolmhair. Sa chás gur ó fhoinsí neamhrialtais a thagann an deontas gaolmhar, scaoiltear an deontas nuair a bhíonn an Ollscoil i dteideal an t-ioncam a fháil faoi réir aon choinníollacha a bhaineann le feidhmíocht a chomhlíonadh.

**1. Beartais chuntasaíochta shuntasacha** *(ar lean)*

**d. Sócmhainní seasta inláimhsithe** *(ar lean)*

*(iii) Síntiúis*

Faigheann an Ollscoil sochair chomhchineáil ó am go chéile amhail bronntanais trealaimh. I gcás míreanna lena mbaineann luach suntasach a thugtar don ghrúpa - agus a gcaithfeadh an grúpa leo mar shócmhainní seasta inláimhsithe dá gceannófaí iad, caipitlítear iad de réir a luacha reatha agus dímheastar iad de réir an bheartais atá leagtha amach thuas. Tugtar cuntas aran aithint ioncaim de réir an bheartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos (féach nóta 1(k)).

**e. Sócmhainní oidhreachta**

Tá seilbh ag an Ollscoil ar chuid mhór sócmhainní lena mbaineann mórthábhacht stairiúil agus chultúrtha don Stát. Cuimsítear i mbailiúchán UCD tithe seanré, saothair ealaíne agus pictiúir agus déantáin eile.

Tá na tithe tréimhse mar chuid de bhonneagar oibre Champas na hOllscoile agus mar sin déantar iad a chaipitliú sa ráiteas ar an staid airgeadais de réir FRS 102. Maidir le saothair ealaíne a cheannaítear chun tairbhe don Ollscoil, caipitlítear iad sa ráiteas ar an staid airgeadais de réir a gcostais bhunaidh agus ní dhímheastar iad.

**f. Ionstraimí airgeadais**

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nuair a bhíonn an Grúpa ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime.

Rangaítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir shubstaint na socruithe conarthacha atá déanta. Is éard is ionstraim chothromais ann conradh ar bith ina léirítear ús iarmharach i sócmhainní an ghrúpa i ndiaidh a dhliteanais ar fad a asbhaint.

**(i) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais**

Déantar na sócmhainní agus dliteanais airgeadais uile a thomhas i dtosach ag praghas an idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), seachas na sócmhainní airgeadais a rangaítear mar luach cóir tríd an mbrabús nó caillteanas, a thomhaistear ar dtús ag an luach cóir (arb é sin praghas an idirbhirt gan costais an idirbhirt san áireamh de ghnáth), seachas más ionann an socrú agus idirbheart airgeadasaíochta. I ndiaidh an aitheantais tosaigh, déantar iad seo a thomhas ag costas amúchta le húsáid á bhaint as modh an ghlanráta úis. Más ionann socrú agus idirbheart maoiniúcháin, tomhaistear an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais de réir luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo ama lascainiú ar ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar ionstraimí fiachais neamhreatha lena gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas a thomhas ina dhiaidh sin de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh úis éifeachtaigh:

(a) Tugtar torthaí don sealbhóir (i) i bhfoirm suime seasta; nó (ii) de réir ráta seasta toraidh thar shaolré na hionstraime; nó (iii) de réir ráta athraitheach is comhionann, thar shaolré na hionstraime, le ráta tagartha úis aonair atá luaite nó inbhraite; nó (iv) mar theaglaim de ráta seasta nó de ráta athraitheach den sórt sin, ar choinníoll gur dearfach atá an dá ráta.
(b) Níl aon fhoráil chonarthach ann a d'fhágfadh, de bharr a téarmaí, go bhféadfadh an sealbhóir an phríomhshuim nó aon ús is inchurtha i leith na tréimhse reatha nó tréimhsí roimhe a chailleadh.
(c) Ní ag brath ar eachtraí amach anseo atá forálacha conarthacha lena gceadaítear don eisitheoir ionstraim fiachais a réamhíoc nó lena gceadaítear don sealbhóir an ionstraim a thabhairt ar ais don eisitheoir roimh aibíocht. Is é an aidhm atá leo an sealbhóir a chosaint ar mheath creidmheasa an eisitheora nó ar athrú ar rialú an eisitheora nó an sealbhóir nó an t-eisitheoir a chosaint ar athruithe i gcánachas nó i ndlí ábhartha.
(d) Níl aon torthaí coinníollacha ná aon fhorálacha réamhíocaíochta ann ach amháin iad sin a bhaineann leis an toradh ráta athraithigh a gcuirtear síos air i bpointe (a) agus iad sin a bhaineann leis na forálacha réamhíocaíochta a gcuirtear síos orthu i bpointe (c).

Déantar na hionstraimí fiachais a aicmítear mar a bheith iníoctha nó infhála laistigh de bhliain amháin agus a chomhlíonann na coinníollacha a thomhas ag méid neamhlascainithe an airgid thirim nó comaoine ar bith eile a bhfuiltear ag súil go n-íocfaí nó go ngeofaí í, glan ó bhearnú.

**1. Beartais chuntasaíochta shuntasacha** *(ar lean)*

**f. Ionstraimí airgeadais** *(ar lean)*

**(i) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais** *(ar lean)*

Maidir le hionstraimí fiachais eile nach gcomhlíontar na coinníollacha sin leo, tomhaistear iad de réir luach cóir trí bhrabús nó caillteanas.

Maidir le ceangaltais chun iasachtaí lena gcomhlíontar na coinníollacha thuas a thabhairt agus a fháil, tomhaistear iad de réir costais (a d'fhéadfadh a bheith nialasach) lúide bearnú.

Déantar sócmhainní airgid thirim a dhíaithint sa chás, agus sa chás seo amháin, (a) go mbíonn na cearta conarthacha maidir leis na sreafaí airgid thirim ón tsócmhainn airgeadais éagtha nó socraithe, (b) go n-aistríonn an Grúpa go substaintiúil na rioscaí agus na sochair uile a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) go ndearna an Grúpa, in ainneoin gur choinnigh sé cuid de rioscaí agus sochair shuntasacha na húinéireachta, ceannas na sócmhainne a aistriú chuig páirtí eile agus tá an cumas praiticiúil ag an bpáirtí eile an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhghaolmhar agus go bhfuil sé in ann an cumas sin a fheidhmiú go haontaobhach agus gan gá le srianta breise a fhorchur ar an aistriú.

Ní dhéantar dliteanais a dhí-aithint ach amháin nuair a bheidh an oibleagáid atá sainithe sa chonradh urscaoilte, curtha ar ceall nó éagtha.

**(ii) Tomhas cóirluacha**

Is é an fhianaise is fearr ar luach cóir atá ann ná praghas luaite le haghaidh sócmhainn chomhionann i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, soláthraíonn praghas idirbhirt le déanaí le haghaidh sócmhainn chomhionann fianaise ar luach cóir fad is nár tháinig athrú ar chúinsí eacnamaíoch nó nach raibh achar ama suntasach ann ó rinneadh an t-idirbheart. Sa chás nach bhfuil an margadh gníomhach agus nach bhfuil idirbhearta le déanaí um shócmhainn chomhionann leo féin ina meastachán maith de luach cóir, déanann eintiteas an luach cóir a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála.

**g. Gnóthais chomhfhiontair**

Is ionann gnóthais chomhfhiontair agus na foghnóthais sin a bhfeidhmíonn an Ollscoil rialú orthu go comhpháirteach, in éineacht le páirtí eile.

*An Grúpa*
I ráitis airgeadais an Ghrúpa, tugtar cuntas ar ghnóthais chomhfhiontair trí úsáid a bhaint as modh an chothromais. Aithnítear infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair i dtosach ag praghas an idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt) agus coigeartaítear iad ina dhiaidh sin chun sciar an Ghrúpa den bhrabús nó den chaillteanas agus d'ioncam cuimsitheach eile de chuid an chomhlaigh a léiriú.

*Ollscoil*
I ráitis airgeadais na hOllscoile, tugtar cuntas ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair de réir costais lúide bearnú.

*Cáilmheas*
Maidir le cáilmheas a eascraíonn as gnóthais chomhfhiontair, rud arb ionann é agus aon bharrachas idir luach cóir na comaoine agus luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas in-sainaitheanta a fuarthas, déantar é a chaipitliú agus a dhíscríobh de réir méid cothrom thar an tsaolré eacnamaíoch fhónta, a chinntear a bheith cothrom le cúig bliana. Cuirtear aon iarmhéid cáilmheasa atá neamhamúchta ar áireamh i luach seilbhe na hinfheistíochta i ngnóthais chomhfhiontair.

**1. Beartais chuntasaíochta shuntasacha** *(ar lean)*

**h. Stoic**

Luaitear stoic de réir a gcostais nó de réir a bpraghais mheasta díola, atá cothrom leis an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Ríomhtar costas trí úsáid a bhaint as an modh 'is túisce isteach, is túisce amach'.

Nuair is cuí, déantar soláthar d'earraí atá as feidhm, mallghluaiseach nó lochtach.

Is ar na ráitis chomhdhlúite ar ioncam cuimsitheach a mhuirearaítear caiteachas a thabhaíonn an Ollscoil ar leabhair agus ar stoic intomhalta a mhaoinítear le deontais athfhillteacha.

**i. Bearnú sócmhainní**

Déantar sócmhainní, seachas iad siúd a thomhaistear ag luach cóir, a mheasúnú le haghaidh táscairí lagaithe ag dáta gach ráitis ar an staid airgeadais. Má tá fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú, aithnítear caillteanas bearnaithe i mbrabús nó caillteanas mar atá leagtha amach thíos.

*Sócmhainní neamhairgeadais*

Bearnaítear sócmhainn sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann gurb amhlaidh, de bharr eachtra amháin nó níos mó a tharla tar éis aithint tosaigh, gur tháinig laghdú ar luach measta in-aisghabhála na sócmhainne. Is é an tsuim in- aisghabhála luach cóir na sócmhainne lúide costais díola agus luach úsáide na sócmhainne, cibé acu is airde.

Faightear an tsuim in-aisghabhála cáilmheasa ó thomhas a dhéanamh ar luach reatha shreabhadh airgid amach anseo na n-aonad giniúna airgid a bhfuil an cáilmheas ina chuid de. Maidir le haon chaillteanas bearnaithe a bhaineann le haonad giniúna airgid, leithdháiltear é ar dtús ar an gcáilmheas a ghabhann leis an aonad giniúna airgid agus ansin ar shócmhainní eile laistigh den aonad giniúna airgid ar bhonn pro rata.

Sa chás gurb ann do tháscairí ar laghdú ar chaillteanas bearnaithe, déantar an caillteanas bearnaithe roimhe a thástáil chun aisiompú a chinneadh. Sa chás gurb ann do tháscairí ar laghdú ar chaillteanas bearnaithe, déantar an caillteanas bearnaithe roimhe a thástáil chun aisiompú a chinneadh. Aisiompaítear caillteanas bearnaithe ar shócmhainn bhearnaithe aonair a mhéid nach mbeidh de thoradh ar an aisiompú go mbeadh an luach athbhreithnithe in-aisghabhála níos airde ná an luach seilbhe murar aithníodh aon bhearnú. Sa chás go n-aisiompaítear bearnú i ndáil le haonad giniúna airgid, cuirtear an t-aisiompú i bhfeidhm ar dtús i leith shócmhainní an aonaid ghiniúna airgid (seachas cáilmheas) ar bhonn pro rata agus cuirtear é i bhfeidhm ansin i leith aon cháilmheasa a leithdháileadh ar an aonad giniúna airgid sin.

*Sócmhainní airgeadais*

I gcás sócmhainní airgeadais a shealbhaítear de réir costas amúchta, is é suim an bhearnaithe ná an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha an tsreafa airgid mheasta amach anseo, ama lascainiú de réir ráta úis éifeachtach bunaidh na sócmhainne airgeadais.

I gcás sócmhainní airgeadais a shealbhaítear de réir costais lúide bearnú, is é an caillteanas bearnaithe ná an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an tsuim a gheofaí i leith na sócmhainne dá ndíolfaí í ag an dáta tuairiscithe.

Sa chás gurb ann do tháscairí ar laghdú ar chaillteanas bearnaithe agus gur féidir an laghdú a chur go hoibiachtúil i leith eachtra a tharla tar éis an bearnú a aithint, déantar an caillteanas bearnaithe roimhe a thástáil chun aisiompú a chinneadh. Aisiompaítear caillteanas bearnaithe ar shócmhainn airgeadais aonair a mhéid nach mbeidh de thoradh ar an aisiompú go mbeadh an luach athbhreithnithe in-aisghabhála níos airde ná an luach seilbhe murar aithníodh aon bheamú.

**1. Beartais chuntasaíochta shuntasacha** *(ar lean)*

**j. Cáin**

*(i) Cáin chorparáideach agus Cáin Bhreisluacha*

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Ollscoil faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ar aon cheann dá gníomhaíochtaí carthanúla. Tá sí cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha ach ní féidir léi cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a ceannachán toisc gurb ionann soláthar an oideachais agus gníomhaíocht dhíolmhaithe nach ngearrtar aon cháin aschuir ina leith. Titeann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Ollscoil isteach sa líontán CBL. Tugann an Ollscoil aon ionchur nó aschur CGT a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

Déantar gníomhaíochtaí trádála áirithe a dtugann an Ollscoil fúthu a riar trí roinnt dá fochuideachtaí agus dá comhfhiontair, ar eagraíochtaí tráchtála atá faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide iad.

*(ii) Cánachas iarchurtha*

I gcás fochuideachtaí nach bhfuil stádas carthanúil acu agus atá faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide dá bharr sin, aithnítear cánachas iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a bhí ann agus nach raibh aisiompaithe ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais. Déantar soláthar ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is ionann difríochtaí uainithe agus difríochtaí idir brabúis inchánach agus na torthaí arna sonrú sna Ráitis airgeadais a eascraíonn ó chuimsiú na ngnóthachan agus na gcaillteanas i mbrabúis inchánach i dtréimhse atá difriúil ó na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar glansócmhainn chánach iarchurtha a bheith in-aisghabhála agus ní aithnítear í dá bhrí sin ach nuair, ar bhonn gach fianaise a bhíonn ar fáil, gur dóichí go mbeidh brabús oiriúnach inchánaithe uirthi mar ar féidir aisiompú na ndifríochtaí bunúsacha uainiúcháin sa todhchaí a oibriú amach.

**k. Ioncam a thuairisciú**

*Deontais Stáit*
Rialtas bunaithe ar an tsamhail fabhraithe a aithnítear deontais ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí rialtais eile. Tomhaistear iad de réir luach cóir na sócmhainne a fuarthas nó atá infaighte. Rangaítear deontais mar dheontais a bhaineann le hioncam nó le sócmhainní. Tuairiscítear deontais athfhillteacha agus neamh-athfhillteacha a bhaineann le hioncam in ioncam thar an tréimhse ina n-aithnítear na costais ghaolmhara. Aithnítear deontais ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí rialtais eile i leith éadáil nó tógáil sócmhainní seasta thar shaolré úsáideach na sócmhainne. Sa chás go n-iarchuirtear cuid de dheontas a bhaineann le sócmhainn, aithnítear an t-airgead sin mar ioncam iarchurtha.

*Táillí acadúla*
Tuairiscítear táillí acadúla sa tréimhse lena mbaineann siad.

*Deontais taighde agus conarthaí taighde*
Is bunaithe ar an tsamhail feidhmíochta a aithnítear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde ó fuoinsí neamhrialtais, i.e. aithnítear ioncam a mhéid a comhlíonadh coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Is iad seo a leanas na haicmí is coitianta d'idirbhearta den sórt sin:

*(i) Síntiúis gan aon srianta*

Áirítear le tabhartais gan srianta suimeanna a thugtar don Ollscoil mar airgead tirim nó mar shócmhainn gan srian ar bith ar an gcaoi ar cheart an síntiús a úsáid. Déantar síntiúis dá leithéid a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar theidlíocht don ioncam.

**1. Beartais chuntasaíochta shuntasacha** *(ar lean)*

**k. Ioncam a thuairisciú** *(ar lean)*

*(ii) Deontais taighde ó fhoinsí neamhrialtasacha*

Aithnítear ioncam ó dheontais ó fhoinsí neamhrialtais sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a chomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Más rud é gurb ann do shrian ar úsáid agus nach bhfuil feidhm ag aon choinníollacha a bhaineann le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhíonn an Ollscoil i dteideal an t-ioncam a fháil.

Maidir le deontais lena ngabhann coinníollacha neamhchomhlíonta a bhaineann le feidhmíocht, sealbhaítear iad mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha lena mbaineann.

*Ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha*

Cuirtear an t-ioncam uile ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ina dtuilltear é.

*Ioncam cíosa*

Tuairiscítear an t-ioncam ó tháillí ceadúnais ón maoin infheistíochta de réir bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

**l. Sochair scoir**

I gcás scéimeanna sochair shainithe, is iad na suimeanna a mhuirearaítear ar an mbarrachas oibriúcháin ná na costais a d'eascair as seirbhísí fostaithe le linn na tréimhse agus an costas a bhain le treoracha plean, le hathruithe a dhéanamh ar shochair, le socraíochtaí agus le ciorrúcháin. Tá trí ghné ar leith arna dtuairisciú mar bharrachas oibriúcháin. Ranníocaíochtaí an fhostóra, áirithe mar chuid de chostais foirne, agus míreanna líne ar leith a thaispeánann an costas seirbhíse pinsin frithgheallta ag an Stát agus an costas úis pinsin ar an nglandliteanas sochair shainithe atá frithgheallta ag an Stát. Aithnítear ath-thomhas a chuimsíonn gnóthachain agus caillteanais achtúireacha láithreach in ioncam cuimsitheach eile.

Maidir le scéimeanna sochair sainithe, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach reatha dhliteanais na scéimeanna ar a ndearnadh measúnú achtúireach, a ríomhadh ag baint úsáid as modh na n-aonad réamh-mheasta. Faightear na luachálacha achtúireacha ar a laghad gach trí bliana agus déantar iad a nuashonrú ar dháta gach ráitis ar an staid airgeadais.

Tomhaistear sochair fhadtéarmacha eile fostaithe de réir luach reatha na hoibleagáide sochair ag an dáta tuairiscithe.

*Sócmhainn Pinsin Is Infhaighte*

Faoi mar a phléitear níos mine i nóta 28, measann an Ollscoil go bhfuil a dliteanais phinsin faoi ráthaíocht ag an Stát. Dá bhrí sin, déantar dliteanas na scéimeanna pinsean a mheaitseáil le suim chomhionann atá infúaighte ag an Ollscoil ón Stát.

Cuirtear gluaiseachtaí ina leith sin ar áireamh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach chun an ghluaiseacht bhunúsach sa dliteanas pinsin a chothromú. Léirítear sna ráitis airgeadais na costais phinsin iarbhír don Ollscoil.

**1. Beartais chuntasaíochta shuntasacha** *(ar lean)*

**m. Airgeadra coigríche**

Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Tuairiscítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ar dháta an ráitis ar an staid airgeadais ag na rátaí malairte atá i réim ar an dáta sin.

Aistrítear torthaí oibríochtaí thar lear ag na meánrátaí malairte le linn na tréimhse agus a ráiteas ar staid airgeadais ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ar dháta an ráitis ar an staid airgeadais. Tuairiscítear difríochtaí malairte a eascraíonn as athaistriú ag ráta deiridh na nglansócmhainní tosaigh agus torthaí oibríochtaí thar lear in ioncam cuimsitheach eile agus carntar iad i gcothromas (curtha i leith leasanna neamhrialaithe de réir mar is cuí).

Is mar bharrachas oibriúcháin a thuairiscítear difríochtaí malairte eile sa tréimhse inar tháinig siad chun cinn, seachas amháin sna cásanna seo a leanas:

- Difríochtaí malairte ar idirbhearta a rinneadh chun rioscaí áirithe airgeadra eachtraigh a fhálú;
- Difríochtaí malairte a eascraíonn as gnóthachain nó caillteanais ar mhíreanna neamhairgid, a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile; agus
- I gcás ráitis airgeadais chomhdhlúite, difríochtaí malairte ar mhíreanna airgid atá infhaighte ó oibríocht eachtrach nó atá iníoctha le hoibríocht eachtrach, sa chás nach bhfuil sé beartaithe iad a ghlanadh nó nach dóigh go nglanfar iad (dá bhrí sin, is cuid den ghlaninfheistíocht san oibríocht eachtrach iad). Aithnítear na difríochtaí sin in ioncam cuimsitheach eile ar dtús agus tuairiscítear iad faoi chothromas.

**n. Léasanna**

Maidir le sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais, faoi chonarthaí fruilcheannaigh nó faoi shocruithe eile den chineál céanna lena dtugtar cearta agus oibleagáidí atá cosúil leo sin a ghabhann le sócmhainní faoi úinéireacht, caipitlítear iad mar shócmhainní seasta inláimhsithe de réir luach cóir na sócmhainne ar léas (nó, más ísle é, de réir luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa mar a cinneadh i dtús an léasa). Dímheastar iad thar théarma an léasa nó thar a saolré fhónta, cibé acu is giorra. Is mar dhliteanais a thaifeadtar na gnéithe caipitil d'oibleagáidí léasa amach anseo. Muirearaítear na gnéithe úis ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach thar thréimhse na léasanna ionas gur féidir ráta tréimhsiúil seasmhach úis a tháirgeadh ar iarmhéid an dliteanais atá fágtha.

Is de réir méid cothrom thar théarma an léasa a mhuirearaítear íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin, fiú amháin sa chás nach ndéantar na híocaíochtaí ar an mbonn sin. Is de réir méid cothrom thar théarma an léasa freisin a leatar na sochair a fuarthas agus atá infhaighte mar dhreasacht chun léas oibriúcháin a shíniú.

### 2. Breithiúnais chriticiúla cuntasaíochta agus príomhfhoinsí um an neamhchinnteacht meastacháin

Agus polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide i réim, a bhfuil cur síos orthu ar fáil i Nóta 1, ceanglaítear ar chomhaltaí an Údaráis Cheannais breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir leis na suimeanna glanluacha, de shócmhainní agus de dhliteanais araon, atá go follasach réidh ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana atá gaolmhar leo bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile a mheastar a bheith ábhartha. Féadfar nach ionann na torthaí iarbhír agus na meastacháin seo.

Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Tuairiscítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina n-athbhreithnítear an meastachán má bhaineann an t-athbhreithniú leis an tréimhse sin amháin nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus i dtréimhsí ar bith amach anseo má bhaineann an t-athbhreithniú le tréimhsí airgeadais reatha agus tréimhsí airgeadais amach anseo araon.

#### Breithiúnais ríthábhachtacha le linn beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm

Is iad seo a leanas na breithiúnais ríthábhachtacha, seachas iad sin a raibh meastacháin i gceist leo (a phléitear ar leithligh thíos), a thug an tÚdarás Ceannais le linn dó beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm agus a raibh an tionchar is mó acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

(1) Faoi mar a phléitear níos mine i nóta 28, measann an Ollscoil go bhfuil a dliteanais phinsin €2.2 bhilliún faoi ráthaíocht ag an Stát. Dá bhrí sin, déantar dliteanas na scéimeanna pinsean a mheaitseáil le suim chomhionann atá infüaighte ag an Ollscoil ón Stát.

(2) Tugtar le fios in anailís a rinne an Ollscoil nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ann critéir feidhmíochta a chomhlíonadh le síntiúsóirí príobháideacha. Tugtar le fios inti freisin go dtagann aon chistiú caipitil a fuarthas faoin sainmhíniú ar shíntiúis nach bhfuil aon téarmaí agus coinníollacha ag gabháil lena n-úsáid. A luaithe is atá foirgneamh in úsáid, is féidir a mheas gur comhlíonadh na critéir feidhmíochta.

(3) Ní aithníonn an Ollscoil ioncam taighde ach amháin a mhéid gur tabhaíodh caiteachas cáilitheach ábhartha. Tá an caiteachas sin in-aisíoctha ag an ngníomhaireacht cistiúcháin taighde. Tá an mhodheolaíocht cuntasaíochta sin bunaithe ar an gcleachtas stairiúil. Tá sí ina léiriú cothrom ar na hoibleagáidí feidhmíochta a cheanglaítear faoin gconradh agus is í an sásra comhaontaithe cistiúcháin atá i bhfeidhm leis na comhlachtaí cistiúcháin taighde.

(4) Déanann an Ollscoil soláthar do chuntais amhrasacha mac léinn a ríomh bunaithe ar athbhreithniú leanúnach ar chuntais na mac léinn aonair, anailís ar aosú fhiachas na mac léinn, chomh maith le fachtóirí eile lena n-áirítear dálaí eacnamaíocha reatha.

#### Príomhfhoinsí neamhchinnteachta i ndáil le meastacháin

Ríomhtar an dliteanas pinsin gach bliain, bunaithe ar thoimhdí achtúireacha ó achtúire cáilithe neamhspleách. Áirítear leis na toimhdí achtúireacha rátaí lascaine, méaduithe tuarastail, méaduithe pinsin, rátaí boilscithe agus toimhdí maidir leis an mbásmhaireacht.

### 3. Deontais Stáit

| | **2020** | 2019 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Deontais stáit arna leithroinnt chun críocha athfhillteacha | **82,266** | 72,723 |
| **Deontas arna fáil a réiteach le hioncam aitheanta** | | |
| Arna fháil i ndáil leis an mbliain féilire | **82,681** | 78,851 |
| Iarchurtha/(aitheanta) ón mbliain chuntasaíochta roimhe sin | **5,768** | (360) |
| Iarchurtha go blianta cuntasaíochta ina dhiaidh sin | **(6,183)** | (5,768) |
| Iomlán | **82,266** | 72,723 |

Faightear maoiniú stáit ón Údarás um Ard-Oideachas (HEA), arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ar bhonn bliana féilire. Tá bliain airgeadais na hOllscoile bunaithe ar an mbliain acadúil ó mhí Dheireadh Fómhair go mí Meán Fómhair. De réir bheartais chuntasaíochta na hOllscoile, aithníodh deontais athfhillteacha ar bhonn fabhraithe. Dá bhrí sin, iarchuirfear cuid den chistiú in aon bhliain chuntasaíochta chuig tréimhsí cuntasaíochta ina dhiaidh sin chun an cistiú a chomhoiriúnú don chaiteachas gaolmhar.

Fuair UCD €7.8m ón ÚAO i mí na Nollag 2020 maidir le maoiniú COVID-19. Tá €5.1m d'ioncam fabhraithe ag an Ollscoil chun teacht leis an gcaiteachas a tabhaíodh suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.

### 4. Táillí acadúla

| | **2020** | 2019 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ioncam ó tháillí acadúla | **239,923** | 232,400 |

Fuarthas méid iomlán de €44,134,000 (2019: €44,106,000) mar ioncam táillí acadúla go díreach ón HEA sa bhliain airgeadais.

### 5. Deontais taighde agus conarthaí taighde

| | **2020** | 2019 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Stáit agus leathstáit | **50,443** | 51,235 |
| An tAontas Eorpach | **11,709** | 17,433 |
| Tionscal | **5,201** | 2,962 |
| Deontas forchostais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann | **8,083** | 7,306 |
| Eile | **10,892** | 10,285 |
| | **86,328** | 89,221 |

### 6. Ioncam eile

| | **2020** | 2019 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Lónadóireacht agus comhdhálacha | **2,905** | 2,934 |
| Ioncam cíosa ó aonaid chónaithe ar an gcampas | **20,098** | 28,577 |
| Ioncam cíosa eile | **1,473** | 1,712 |
| Ioncam ó thástáil leighis | **26,723** | 18,959 |
| Saoráidí agus ranna acadúla | **27,448** | 35,809 |
| Ioncam oibriúcháin eile | **18,595** | 14,141 |
| Deontais chaipitiúla neamhrialtasacha arna n-aithint | **801** | 10,089 |
| | **98,043** | 112,221 |

### 7. Costais foirne

Seo a leanas an meánlíon seachtainiúil (sealbhóirí poist shinsearaigh ar áireamh) a bhí fostaithe ag an Ollscoil le linn na bliana, curtha i láthair mar choibhéis lánaimseartha:

| | **2020 Líon Fostaithe** | 2019 Líon Fostaithe |
|---|---|---|
| Teagasc agus Taighde | **3,617** | 3,502 |
| Teicniúil | **262** | 261 |
| Riarachán láir agus seirbhísí | **1,399** | 1,549 |
| | **5,278** | 5,312 |

| | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | **288,927** | 276,415 |
| Costais leasa sóisialaigh | **25,212** | 23,333 |
| Costais sochair scoir-Ranníocaíochtaí fostóra | **23,762** | 22,337 |
| | **337,901** | 322,085 |

Tá íocaíochtaí téarfa/foirceannta le 76 ball foirne (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) ar luach €517,000 (2019: €543,000) san áireamh i gcostais foirne. B'ionann luach na n=íocaíochtaí ar luach comhiomlán os cionn €10,000 agus €212,000 (2019: €225,000).
Áirítear leis suimeanna de €347,000 maidir le ragobair agus €1,309,000 i leith liúntais freisin.

**Costais a bhaineann le pinsin**

| | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Costais sochair scoir-Ranníocaíochtaí fostóra | **23,762** | 22,337 |
| Costais seirbhíse pinsin incriminteach atá frithgheallta ag an Stát | **40,233** | 31,229 |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 28) | **63,995** | 53,566 |

**Cúiteamh príomhbhainistíochta**

Déanann na daoine sin ar Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile (UMT) ionadaíocht ar phríomhphearsanra bainistíochta. Cuimsíonn UMT an tUachtarán, seisear Príomhoide an Choláiste agus na Leas-Uachtaráin ( Sparánaí, Cláraitheoir, VP Taighde, VP Global Engagement agus an Stiúrthóir Acmhainní Daonna). Is éard atá sa chúiteamh tuarastal agus sochair lena n-áirítear ranníocaíocht pinsin fostóra agus costais shóisialta. Tá na príomhphearsanra bainistíochta go léir ina mbaill de scéimeanna caighdeánacha pinsin UCD agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí na scéimeanna sin.

Ba é an cúiteamh iomlán do phríomhphearsanra bainistíochta don bhliain ná €2,037,000 (2019: €1,989,000).

Níor íocadh aon táillí le comhaltaí an Údaráis Cheannais. Ba é €16,448 na speansais chomhiomlán a bhí iníoctha le comhaltaí seachtracha an Údaráis Cheannais sa bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 agus íocadh iad de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais/ na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Áirítear leis an bhfigiúr sin suim €7,816 a bhain le riaráistí ó bhlianta airgeadais roimhe.

**7. Costais Foirne** *(ar lean)*

**Tuarastail os cionn €60,000**

Ceanglaítear le Ciorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an Ollscoil an líon ball foirne ar tháinig a luach saothair faoi gach banda €10,000 ó €60,000 agus os a chionn a nochtadh. Is é seo a leanas an líon ball foirne sin, agus a luach saothair leagtha amach i mbandaí tuarastail €10,000:

| Bandaí Tuarastail | | |
|---|---|---|
| € | **2020** | 2019 |
| 60,000 – 70,000 | **337** | 317 |
| 70,001 – 80,000 | **196** | 181 |
| 80,001 – 90,000 | **409** | 357 |
| 90,001 – 100,000 | **307** | 286 |
| 100,001 – 110,000 | **69** | 64 |
| 110,001 – 120,000 | **69** | 61 |
| 120,001 – 130,000 | **23** | 21 |
| 130,001 – 140,000 | **19** | 35 |
| 140,001 – 150,000 | **67** | 117 |
| 150,001 – 160,000 | **80** | 3 |
| 160,001 – 170,000 | **3** | 0 |
| 170,001 – 180,000 | **1** | 3 |
| 180,001 – 190,000 | **4** | 1 |
| 190,001 – 200,000 | **0** | 1 |
| 200,001 – 210,000 | **4** | 3 |
| 210,001 – 220,000 | **1** | 1 |
| 220,001 – 230,000 | **2** | 3 |
| 230,001 – 240,000 | **1** | 1 |
| 250,001 – 260,000 | **0** | 0 |
| 260,001 – 270,000 | **3** | 3 |
| 270,001 – 280,000 | **1** | 1 |
| **Móriomlán** | **1,596** | 1,459 |

B'ionann ranníocaíochtaí iomlána pinsin ón bhfostóir i ndáil leis na fostaithe thuas agus €10,037,000 sa bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 (2019: €9,440,000).

**8. Costais oibriúcháin eile**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Taighde (neamhphá) | **16,533** | 20,087 |
| Cothabháil agus slándáil | **19,095** | 20,865 |
| Soláthairtí saotharlainne | **15,254** | 10,968 |
| Táillí gairmiúla | **6,063** | 8,182 |
| Costais chonarthaí seachtracha | **6,122** | 6,661 |
| Taisteal agus fáilteachais | **5,688** | 11,222 |
| Soláthar ríomhairí | **8,008** | 6,558 |
| Priontáil, stáiseanóireacht agus closamhairc | **2,934** | 3,884 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | **3,646** | 3,838 |
| Solas agus teas | **5,014** | 6,108 |
| Áiseanna do mhic léinn | **4,909** | 4,751 |
| Rátaí agus árachas | **2,164** | 2,111 |
| Trealamh | **3,062** | 2,393 |
| Oiliúint, forbairt agus scoláireachtaí | **28,217** | 24,492 |
| An Chumarsáid | **761** | 966 |
| Fógraíocht agus bolscaireacht | **3,729** | 3,301 |
| Speansais Eile | **7,951** | 9,951 |
| | **139,150** | 146,338 |

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Áirítear ar chostais oibriúcháin eile: | | |
| Luach saothair an iniúchóra: | | |
| - An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **40** | 33 |
| - Iniúchadh seachtrach ar Ghrúpa na hOllscoile | **218** | 191 |
| - Iniúchadh seachtrach ar chistí Pinsin | **7** | 7 |
| - Cánachas agus rúnaíocht | **31** | 19 |
| - Seirbhísí eile | **1** | 4 |

Níl CBL ar áireamh i luach saothair na n-iniúchóirí a nochtar thuas. Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an Ollscoil agus cuireadh na costais ghaolmhara phárolla ar áireamh sna costais foirne don bhliain.

San áireamh san fhigiúr atá luaite thuas de €5.688 milliún do Thaisteal agus fáilteachas, baineann €5.199 milliún de le taisteal agus cothú agus baineann €0.489 milliún de le fáilteachas.

**9. Ús iníoctha**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ar iasachtaí bainc, rótharraingtí agus iasachtaí eile | **2,618** | 1,723 |

Tá ús iníoctha ar iasachtaí a tharraingítear anuas chun cóiríocht chónaithe do mhic léinn agus cláir eile infheistíocht chaipitil a chistiú.

### 10. Cáin

| Cuimsítear sa mhuirear cánach: | **2020**<br>**€'000** | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Cánachas reatha ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí** | | |
| Muirear cáin eachtrach | **33** | 20 |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar bhrabúis na bhfochuideachtaí don bhliain | **2** | 59 |
| **Cáin reatha iomlán** | **35** | 79 |
| **Cáin iarchurtha** | | |
| Túsphointe agus aisiompú ar dhifríochtaí uainiú | **-** | - |
| **Cáin iomlán iarchurtha** | **-** | - |
| Scair de cháin an chomhfhiontair | **85** | 30 |
| **Cánachas reatha iomlán an mhuirir chánach reatha as gnáthghníomhaíochtaí** | **120** | 109 |

Eascraíonn cáin chorparáide sa bhliain reatha ar bhrabúis tuillte ag roinnt fochuideachtaí de chuid na hOllscoile.

Tá an muirear cánach reatha don bhliain níos ísle ná an muirear reatha a d'eascródh a san ráta caighdeánach de cháin chorparáide na Gaeilge a chur i bhfeidhm maidir leis an mbarrachas don bhliain. Tá na héagsúlachtaí mínithe ag seo thíos:

| | **2020**<br>**€'000** | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Barrachas don bhliain roimh chánachas** | **7,934** | 19,576 |
| Barrachas don bhliain roimh chánachas ag ráta caighdeánach cánach corparáide na hÉireann de 12.5% | **992** | 2,447 |
| An tionchar a bhí ag: | | |
| - Suimeanna nach bhfuil faoi réir Cáin Chorparáide na hÉireann | **(957)** | (2,368) |
| **Muirear cánach reatha iomlán don bhliain** | **35** | 79 |

### 11. Barrachas don bhliain

| Tá an barrachas ar oibríochtaí leanúnacha don bhliain comhdhéanta díobh seo a leanas: | **2020**<br>**€'000** | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Barrachas na hOllscoile don bhliain | **9,701** | 20,125 |
| Easnamh a shaothraigh foghnóthais agus gnóthais eile | **(1,887)** | (658) |
| Barrachas ar oibríochtaí leanúnacha don bhliain | **7,814** | 19,467 |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais *(ar lean)*
Don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020

### 12. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| **2020** **Comhdhlúite** | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Sóc-mhainní i mbun foirgníochta €'000 | Mion-oibreacha €'000 | Fearas Ríomh-aireachta €'000 | Fearas €'000 | Daingneáin agus Feistis €'000 | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019 | 1,010,574 | 90,182 | 5,738 | 18,988 | 179,222 | 3,340 | 1,308,044 |
| Breiseanna sa bhliain | 9,941 | 51,615 | - | 1,343 | 10,402 | 28 | 73,329 |
| Aistriú ó shócmhainní atá á dtógáil | 9,962 | (9,962) | - | - | - | - | - |
| Aistriú go sócmhainní oidhreachta (nóta 13) | - | (659) | | | | | (659) |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (92) | (726) | - | (818) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | **1,030,477** | **131,176** | **5,738** | **20,239** | **188,898** | **3,368** | **1,379,896** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019 | 288,439 | - | 5,716 | 17,859 | 164,709 | 2,208 | 478,931 |
| Muirear don bhliain | 20,484 | - | - | 1,106 | 8,049 | 79 | 29,718 |
| Díchur ar dhiúscairtí | - | - | - | (92) | (726) | - | (818) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | **308,923** | **-** | **5,716** | **18,873** | **172,032** | **2,287** | **507,831** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | **721,554** | **131,176** | **22** | **1,366** | **16,866** | **1,081** | **872,065** |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019 | 722,135 | 90,182 | 22 | 1,129 | 14,513 | 1,132 | 829,113 |

Is i nóta 22 a leagtar amach sonraí faoi chistiú deontas caipitil a fuarthas i leith sócmhainní seasta inláimhsithe.

Áirítear le talamh agus foirgnimh suim €12.5 milliún (2019: €12.5 milliún) i leith talamh ruílse nach ndímheastar.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais *(ar lean)*
Don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020

**12. Sócmhainní seasta inláimhsithe** *(ar lean)*

| **2019**<br>**Comhdhlúite** | Talamh agus Foirgnimh | Sóc-mhainní i mbun foirgníochta | Mion-oibreacha | Fearas Ríomhair-eachta | Fearas | Daingneáin agus Feistis | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | **€'000** |
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018 | 976,807 | 34,377 | 5,680 | 17,589 | 172,015 | 2,650 | 1,209,118 |
| Breiseanna sa bhliain | 7,778 | 81,794 | 58 | 1,466 | 7,437 | 972 | 99,505 |
| Aistriú ó shócmhainní atá á dtógáil | 25,989 | (25,989) | - | - | - | - | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (67) | (230) | (282) | (579) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2019** | **1,010,574** | **90,182** | **5,738** | **18,988** | **179,222** | **3,340** | **1,308,044** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018 | 268,353 | - | 5,680 | 17,127 | 157,731 | 2,263 | 451,154 |
| Muirear don bhliain | 20,086 | - | 36 | 799 | 7,208 | 227 | 28,356 |
| Díchur ar dhiúscairtí | - | - | - | (67) | (230) | (282) | (579) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2019** | **288,439** | **-** | **5,716** | **17,859** | **164,709** | **2,208** | **478,931** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2019** | **722,135** | **90,182** | **22** | **1,129** | **14,513** | **1,132** | **829,113** |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018 | 708,454 | 34,377 | - | 462 | 14,284 | 387 | 757,964 |

Is i nóta 22 a leagtar amach sonraí faoi chistiú deontas caipitil a fuarthas i leith sócmhainní seasta inláimhsithe.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais *(ar lean)*
Don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020

**12. Sócmhainní seasta inláimhsithe** *(ar lean)*

| **2020**<br>**Ollscoil** | Talamh agus Foirgnimh | Sóc-mhainní i mbun Foirgníochta | Mion-Oibreacha | Fearas Ríomhair-eachta | Daingneáin agus Feistis | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | **€'000** |
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019 | 1,007,127 | 70,007 | 5,680 | 18,938 | 178,999 | 1,280,751 |
| Breiseanna sa bhliain | 9,890 | 63,325 | - | 1,341 | 10,271 | 84,827 |
| Aistriú ó shócmhainní atá á dtógáil | 9,962 | (9,962) | - | - | - | - |
| Aistriú go sócmhainní oidhreachta (nóta 13) | - | (659) | - | - | - | (659) |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (92) | (726) | (818) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | **1,026,979** | **122,711** | **5,680** | **20,187** | **188,544** | **1,364,101** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019 | 286,212 | - | 5,680 | 17,814 | 164,385 | 474,091 |
| Muirear don bhliain | 20,334 | - | - | 1,100 | 7,813 | 29,247 |
| Díchur ar dhiúscairtí | - | - | - | (92) | (726) | (818) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | **306,546** | **-** | **5,680** | **18,822** | **171,472** | **502,520** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | **720,433** | **122,711** | **-** | **1,365** | **17,072** | **861,581** |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019 | 720,915 | 70,007 | - | 1,124 | 14,614 | 806,660 |

**12. Sócmhainní seasta inláimhsithe** *(ar lean)*

| **2019** **Ollscoil** | Talamh agus Foirgnimh | Sóc-mhainní i mbun foirgníochta | Mion-oibreacha | Fearas Ríomhair-eachta | Fearas | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018 | 973,360 | 24,033 | 5,680 | 17,592 | 171,830 | 1,192,495 |
| Breiseanna sa bhliain | 7,778 | 71,963 | - | 1,413 | 7,399 | 88,553 |
| Aistriú ó shócmhainní atá á dtógáil | 25,989 | (25,989) | - | - | - | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (67) | (230) | (297) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2019** | **1,007,127** | **70,007** | **5,680** | **18,938** | **178,999** | **1,280,751** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018 | 266,275 | - | 5,680 | 17,100 | 157,417 | 446,472 |
| Muirear don bhliain | 19,937 | - | - | 781 | 7,198 | 27,916 |
| Díchur ar dhiúscairtí | - | - | - | (67) | (230) | (297) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2019** | **286,212** | **-** | **5,680** | **17,814** | **164,385** | **474,091** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2019** | **720,915** | **70,007** | **-** | **1,124** | **14,614** | **806,660** |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018 | 707,085 | 24,033 | - | 492 | 14,413 | 746,023 |

**13. Sócmhainní oidhreachta**

Ós rud é go bhfuil sé ina institiúid oideachais ón mbliain 1854 i leith, tá an-chuid sócmhainní lena mbaineann mórthábhacht stairiúil agus chultúrtha don Stát gnóthaithe ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Áirítear le bailiúcháin UCD tithe Seoirseacha ina bhfuil plástráil ealaíonta stucó den chéad scoth; ábhar clóite ó na 1830í atá á stóráil faoi choinníollacha sonracha leabharlainne; agus roinnt samplaí de shaothair ealaíne stairiúla agus chomhaimseartha. Tá dualgas soiléir ar UCD cúram a dhéanamh de na sócmhainní sin agus tá sé mar aidhm aige freisin iad a chur ar fáil mar áiseanna taitneamhachta agus oideachais don phobal a mhéid is féidir, de réir a gcúraim agus a gcaomhnaithe fhadtéarmaigh. Cuirtear na caighdeáin is airde is féidir ó thaobh bainistíocht bailiúchán de i bhfeidhm agus cuirtear na sócmhainní ar fáil a leithne is féidir chun gach ceist agus iarraidh ar fhaisnéis a éascú, faoi réir treoirlínte cuí slándála agus cosanta sonraí. Mar shampla, is féidir coinní a dhéanamh chun amharc ar ábhair chlóite agus chartlainne sna leabharlanna atá á gcoimeád faoi shainchoinníollacha agus tá turais threoraithe ar fhoirgnimh oidhreachta amhail Teach Newman ar fáil i gcúinsí teoranta.

| **Costas** | Foirgnimh €'000 | Pictiúir eile €'000 | Saothair ealaíne €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019** | 19,668 | - | 1,783 | 21,451 |
| Breiseanna | - | - | - | - |
| Aistriú ó shócmhainní seasta (nóta 12) | 659 | - | - | 659 |
| Athchóiriú | 5,722 | - | - | 5,722 |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | **26,049** | **-** * | **1,783** * | **27,832** |

**Tá luach €5.3 milliún ar phictiúir agus saothair eile, de réir luacháil 2019 a chuir Adam's Valuers & Auctioneers ar fáil. Níl €3.5 milliún den luacháil seo caipitlithe ar an ráiteas ar an staid airgeadais.*

**Tithe Seanré**

Is éard atá sa ghné is suntasaí de na sócmhainní sin ná tithe seanré na hOllscoile a tógadh sna blianta ó na 1730í ar aghaidh. Fuair UCD na tithe sin thar thréimhse shuntasach ama agus le linn chéimeanna éagsúla fhorbairt na hOllscoile í féin. Is é beartas UCD caipitliú a dhéanamh ar na sócmhainní oidhreachta sin ar sócmhainní caipitil iad agus atá ina gcuid de bhonneagar oibre champas na hOllscoile. Dá bhrí sin, cuirtear na tithe seanré agus athchóirithe ina dhiaidh sin ar áireamh sa ráiteas ar an staid airgeadais.
Cé go gcuirtear costais mhionsonraithe athchóirithe a bhaineann le cuid mhór de na foirgnimh oidhreachta ar áireamh i ráiteas ar staid airgeadais UCD, níltear in ann na costais cheannaigh bhunaidh a shainaithint mar gheall ar an tréimhse ama atá dulta thart óna gceannach.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2020, b'ionann agus €26.1 milliún (2019: €19.7 milliún) na costais a bhí bainteach le foirgnimh oidhreachta a gabhadh agus a caipitlíodh ar an ráiteas ar an staid airgeadais ón mbliain 1997 i leith.

**Saothair ealaíne**

Ó 2006 i leith is é polasaí UCD caipitliú a dhéanamh ar gach saothar ealaíne a ceannaíodh ar mhaithe leis an Ollscoil. Amhail an 30 Meán Fómhair 2019, b'ionann agus €1.8 milliún (2019: €1.8 milliún) costais stairiúla na saothar ealaíne.

**Pictiúir agus déantáin eile**

Níor caipitlíodh sócmhainní breise agus bailiúcháin bhreise ar leis an Ollscoil iad mar go bhfuil siad doshannta agus á gcoimeád go síorbhuan, den chuid is mór, agus mar nach féidir a gcomhshamhail a sholáthar i bhformhór na gcásanna. Ní dhéantar iad a dhiúscairt le haghaidh gnóthachan airgeadais agus ní chuirtear bac orthu ar bhealach ar bith. Bunaithe ar luacháil a rinne dam's Auctioneers and Valuers sa bhliain 2019, mar atá luaite thuas, is fiú €5.3 milliún na saothair ealaíne a ceannaíodh ón mbliain 2006 i leith.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais *(ar lean)*
Don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020

**13. Sócmhainní oidhreachta** – *(ar lean)*

**Achoimre cúig bliana ar shócmhainní oidhreachta**

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | **2020** |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | **€'000** |
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair | 13,135 | 13,224 | 13,293 | 16,452 | 21,451 |
| Aistrithe ó shócmhainní seasta | | | | | 659 |
| Breiseanna: | | | | | |
| -Ceannacháin | 89 | 69 | 8 | 5 | - |
| -Athchóiriú | - | - | 3,151 | 4,994 | **5,722** |
| **Costas amhail an 30 Meán Fómhair** | 13,224 | 13,293 | 16,452 | 21,451 | **27,832** |
| Luacháil pictiúr agus déantán eile | 3,984 | 3,984 | 3,984 | 3,517 | **3,517** |
| **Iomlán amhail an 30 Meán Fómhair** | 17,208 | 17,277 | 20,436 | 24,968 | **31,349** |

**14. Infheistíochtaí**

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2020** | 2019 | **2020** | 2019 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| *Infheistíochtaí arna sealbhú, mar seo a leanas:* | | | | |
